Oifig an Choimisinéara Iarratais do Dhídeanaithe



Tuarascáil Bhliantúil – 2015

Clár Ábhair

Réamhrá ag an gCoimisinéar Iarratais do Dhídeanaithe 5

Ráiteas Misin 8

Cé atá ina Iarrthóir ar Thearmann? 9

Sainmhíniú ar Dhídeanaí 9

Cosaint Choimhdeach 9

Cuid 1 – Réamhrá 10

Cuid 2 – Príomhfhorbairtí in 2015 16

Cuid 3 – Dul chun cinn ar Spriocanna Ardleibhéil Ráiteas Straitéise 2013-2015 26

Sprioc Ardleibhéil 1 27

Sprioc Ardleibhéil 2 32

Sprioc Ardleibhéil 3 36

Sprioc Ardleibhéil 4 39

Sprioc Ardleibhéil 5 41

Cuid 4 – Aguisíní 46

Aguisín 1 – Struchtúr um Sholáthar Foireann Bhainistíochta an ORAC 47

Aguisín 2 – Forbhreathnú ar Aonaid an ORAC 49

Aguisín 3 – Staitisticí faoi Iarratais/Phróiseáil 53

Aguisín 4 – Staitisticí faoi Rialacháin Bhaile Átha Cliath 63

Aguisín 5 – Staitisticí faoi Chosaint Choimhdeach 69

Aguisín 6 – Faisnéis faoi Iarratais a Láimhseáil san Aonad Cóipeála/Clárlainne in 2015 72

Aguisín 7 – Sonraí Airgeadais 74

Aguisín 8 – Forbhreathnú ar Úsáid Fuinnimh 2015 76

Gluais Téarmaí 79

Réamhrá ag an gCoimisinéar Iarratais do Dhídeanaithe

Is deas liom an cúigú Tuarascáil Bhliantúil déag de chuid Oifig an Choimisinéara Iarratais do Dhídeanaithe (an ORAC) a chur i láthair don bhliain 2015. Tá an Tuarascáil dírithe ar nuashonrú deiridh a sholáthar ar thabhairt faoi na spriocanna agus na cuspóirí straitéiseacha a chuimsítear inár Ráiteas Straitéise 2013-2015.

I rith 2015, anuas ar thabhairt faoinár bhfeidhmeanna maidir le cinntiúcháin a dhéanamh ar stádas dídeanaí, lean an ORAC le hiarratais ar chosaint choimhdeach a phróiseáil faoi Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Cosaint Choimhdeach), 2013. Aistríodh an dlínse i dtaobh cosaint choimhdeach chuig an ORAC ó Sheirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann (SEIÉ) le héifeacht ón 14 Samhain 2013.

Tháinig méadú 126% ar líon na n-iarratas ar stádas dídeanaí in 2015 tar éis go bhfuarthas 3,276 iarratas i gcomparáid le 1,448 iarratas a fuarthas in 2014. Anuas air sin, fuarthas 297 iarratas nua ar chosaint choimhdeach.

I rith na bliana, rinneamar dícheall lena chinntiú gur próiseáladh iarratais ar stádas dídeanaí agus cosaint choimhdeach chomh tapa agus ab fhéidir ar aon dul le nósanna imeachta córa agus leis na hacmhainní a bhí ar fáil. Tháinig méadú 46% ar líon na gcásanna stádas dídeanaí a próiseáladh agus tugadh 1,552 cás chun críche in 2015 – an t-iomlán bliantúil b'airde ó 2011 i leith. Ina theannta sin, maidir le cosaint choimhdeach, rinne an ORAC sceidealú ar thart ar 900 agallamh agus chuir siad 1,480 cás i gcrích.

Mar gheall ar an méadú ginearálta a tháinig ar na hiarratais a fuarthas, ar aon dul le treochtaí idirnáisiúnta, agus in ainneoin athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar ár mbainistíocht próiseála, bhí 2,582 cás ar feitheamh a gcríochnaithe ag deireadh 2015, i gcomparáid le 743 ag deireadh 2104. Bhí formhór na gcás seo ar láimh ar feadh níos lú ná 6 mhí, áfach. B'fhiú a aithint go raibh 50% de na hiarratais iomlána a fuarthas in 2015 ó iarratasóirí Pacastánacha agus Banglaidéiseacha, a raibh an tromlach díobh ina gcónaí sa Ríocht Aontaithe roimhe seo. Mhéadaigh an méadú ar iarratais an tréimhse feithimh le haghaidh agallamh substainteach aníos go dtí breis agus 30 seachtain sa tríú ráithe in 2015, i gcomparáid le 18 seachtaine ag deireadh 2014. Laghdaíodh an tréimhse feithimh, áfach, anuas go dtí 13 seachtaine ag deireadh 2015.

Ní raibh ach 53 cás stádas dídeanaí ar fáil lena bpróiseáil faoi Threoir um Beartú Tosaíochta an Aire. Bhí na cásanna sin, a bhí de bhunadh an t-aon tír thionscnaimh shábháilte san Afraic Theas, sceidealaithe le haghaidh agallaimh i ndiaidh 22 lá oibre tar éis dháta an iarratais. Críochnaíodh gach cás ar tugadh tús áite dó laistigh de mheánam próiseála 10.8 seachtain tar éis dháta an iarratais.

Próiseáladh na cásanna eile laistigh de mheánam próiseála 29 seachtain i gcomparáid le 15.3 sheachtain in 2014. Arís eile, ba é an méadú ginearálta a tháinig ar iarratais ar thearmann a fuarthas i rith na bliana ba chúis leis an méadú ar na hamlínte.

Ba bhliain an-dúshlánach 2015, chomh maith, i dtaobh chur i bhfeidhm Rialachán Bhaile Átha Cliath III (Rialachán (an AE) 604/2013). Bunaíonn an Rialacháin seo na critéir agus na meicníochtaí chun an Ballstát a dheimhniú atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a rinne náisiúnach de thríú tír nó duine gan stát san AE. Rinneadh 302 cinneadh ar aistriú amach faoi Rialachán Bhaile Átha Cliath in 2015 i gcomparáid le 21 in 2014.

I rith na bliana, seoladh 2,912 sraith méarlorg de chuid iarratasóirí tearmann chuig córas méarlorgaireachta EURODAC, a úsáidtear chun tacú le hobair Rialachán Bhaile Átha Cliath. Chomh maith leis sin, fuair an ORAC rochtain ar Chóras Uathoibríoch um Iarratas agus Rianú Víosa (AVATS) de chuid Sheirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann (SEIÉ) chun iarratasóirí tearmainn a shainaithint a rinne iarratas ar víosa Éireannach agus/nó ar eisíodh víosa Éireannach dóibh.

D'fhóin an ORAC ar 725 éisteacht os comhair an Bhinse Achomhairc do Dhídeanaithe a léirigh méadú 211% ar an mbliain 2014.

I rith 2015, rannchuidigh Painéal Próiseála Cásanna an ORAC go mór maidir le próiseáil a dhéanamh ar iarratais ar stádas dídeanaí agus cosaint choimhdeach agus rinne státseirbhísigh san ORAC na moltaí deiridh. Anuas air sin, rinne comhaltaí painéil ionadaíocht don ORAC ag na héisteachtaí os comhair an Bhinse Achomhairc do Dhídeanaithe. Síneadh an Painéal, a bunaíodh i dtosach in 2013, in 2015.

Lena chois sin, tháinig méadú 63% ar iarratais ar athaontú teaghlaigh in 2015.

Ar aon dul le treochtaí le blianta beaga anuas, tháinig laghdú suntasach ar an líon agóidí dlí ina raibh an ORAC ina fhreagróir anuas ó 95 cás a bhí ar bun in 2014, go dtí 16 chás ag deireadh 2015. In 2015, ní bhfuair an ORAC ach 11 athbhreithniú nua breithiúnach. Cuirtear seo i gcomparáid le 23 cás nua a athbhreithníodh in 2014. Léiríonn an fhorbairt seo an tús áite a thugann an ORAC d'fheabhas leanúnach a chur ar ár bpróisis dearbhaithe cáilíochta agus d'oiliúint a sholáthraíonn saineolaithe intí agus Oifig Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe (an UNHCR).

Ar leibhéal idirnáisiúnta, lean foireann an ORAC ag freastal ar chruinnithe ghrúpaí oibre an AE i rith 2015, go háirithe iad siúd a bhain le cur i bhfeidhm Rialachán Bhaile Átha Cliath III an AE. Chomh maith leis sin, bhí baint mhór againn in obair na hOifige Tacaíochta Eorpaí do Chúrsaí Tearmainn (an EASO), a bhfuil an dualgas orthu cur chuige coiteann a chinntiú maidir leis an gComhchóras Tearmainn Eorpach a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear trí chaighdeáin choiteanna oiliúna agus cháilíochta. Bhí d'onóir agam a bheith tofa mar leas-chathaoirleach Bhord Bainistíochta an EASO i Meitheamh 2015.

Lena chinntiú go mbaintear úsáid éifeachtúil agus éifeachtach as ár gcuid acmhainní, lean an eagraíocht le tús áite a thabhairt do phleanáil in 2015, anuas ar thús áite a thabhairt d'fhorbairt agus d'oiliúint foirne.

Leanadh le tús áite a thabhairt do thiomantas ár n-eagraíocht chun seirbhís ardchaighdeáin a sholáthar i rith 2015 d'ár gcustaiméirí uile. Léirítear an tiomantas seo inár gcúigiú Plean Gníomhaíochta um Sheirbhís do Chustaiméirí 2013-2015 ina sonraítear conas a bheartaímid chun ár dtosaíochta de chuid na Cairte Custaiméirí a chur i bhfeidhm.

Lean Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe (an UNHCR) le cúnamh substainteach a sholáthar i rith na bliana, go háirithe maidir le hoiliúint a sholáthar ar gach gné den phróiseas cosanta. Bhí saineolaí ar chosaint idirnáisiúnta de chuid an UNHCR ó Cheanada bunaithe san ORAC chun oibriú le tionscnaimh cháilíochta a fhorbairt, lena n-áirítear oiliúint ar dhea-chleachtas do stádas dídeanaí agus cosaint choimhdeach. Ba mhian liom mo bhuíochas a chur in iúl don UNHCR agus dá gcomhairleoir, Mike Ross, as ucht a dtacaíochta leanúnaí i gcaitheamh na bliana.

Mar gheall go raibh coinne againn leis go ndéanfar breis athruithe struchtúrach laistigh de chóras cosanta idirnáisiúnta na hÉireann, bhí ionchur ag an ORAC i ndréachtú an Bhille um Chosaint Idirnáisiúnta, 2015, a d'fhoilsigh an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais i mí na Samhna 2015. I ndiaidh díospóireachta in dhá Theach an Oireachtais, achtaíodh an tAcht i mí na Nollag agus meastar go gcuirfear tús leis in 2016.

Faoin Acht um Chosaint Idirnáisiúnta, 2015, déanfar an ORAC a chomhchuimsiú isteach in SEIÉ agus forálann sé do chreat aonair próiseála nó nós imeachta aonair a bhunú d'iarratais ar chosaint idirnáisiúnta (stádas dídeanaí agus cosaint choimhdeach) anuas ar iarratais ar chead chun fanacht sa Stát.

In Aibreán 2015, tháinig an ORAC faoi chuimsiú scóip an Achta um Shaoráil Faisnéise, 2014. Fuarthas agus próiseáladh 15 iarratas um shaoráil faisnéise, ar an iomlán, i gcaitheamh na bliana i gcomhréir le ceanglais reachtúla. Níl ach taifid a chruthaigh an ORAC, an 14 Deireadh Fómhair 2014, nó ina dhiaidh sin, faoi réir saoráil faisnéise. Áfach, tagann gach taifead a bhaineann le faisnéis phearsanta atá á coimeád ag an ORAC, gan aird ar cathain a cruthaíodh iad, faoi chuimsiú scóip an Achta, faoi réir roinnt eisceachtaí.

Chomh maith leis sin, i rith na bliana, chuir an ORAC go mór le hobair an Ghrúpa Oibre a bhunaigh an Rialtas ar Fheabhas a chur ar an bPróiseas Cosanta, ina measc Soláthar agus Tacaíochtaí Díreacha a chur ar fáil d'Iarrthóirí Tearmainn. Rinne an Grúpa tuairisciú i Meitheamh 2015. Cuimsítear sa Tuarascáil 173 moladh, a n-imríonn go leor díobh tionchar ar an bpróiseas cinntiúcháin tearmainn.

I dtaobh fhairsingiú fhreagrachtaí an ORAC in 2015, bhunaigh Éire, mar fhreagairt ar an ngéarchéim dhídeanaithe i réigiúin na Meánmhara agus Aeigéacha, Clár um Chosaint Dídeanaithe na hÉireann, trína ndéanfar breis agus 2,500 iarrthóir tearmainn a athlonnú chuig an Stát ón nGréig agus an Iodáil faoi dhá Chinneadh a rinne Comhairle an AE ar glacadh leo i Meán Fómhair 2015. Aistreofar na cásanna seo chuig an ORAC lena bpróiseáil faoin dlí náisiúnta tearmainn.

Ba mhian liom mo bhuíochas a chur in iúl do na páirtithe leasmhara siúd go léir a chomhoibrigh leis an ORAC in 2015 maidir le cur i bhfeidhm ár sainchúraim, ina measc an tIonad Cáipéisíochta um Dhídeanaithe agus comhaltaí ár bPainéil Idirchaidrimh Seirbhíse do Chustaiméirí.

Ar deireadh, ba mhian liom mo bhuíochas a chur in iúl d'fhoireann an ORAC agus do chomhaltaí Phainéal um Próiseáil Cásanna an ORAC as ucht a n-oibre. Bhain ríthábhacht lena dtiomantas leanúnach i gcaitheamh na bliana lena chur ar chumas na hOifige chun tabhairt faoina feidhmeanna tábhachtacha reachtúla maidir le daoine óna dteastaíonn cosaint idirnáisiúnta.

David Costello

Coimisinéir

Ráiteas Misin

Is é a leanas Ráiteas Misin Oifig an Choimisinéara Iarratais do Dhídeanaithe i gcomhréir le hAcht na nDídeanaithe, 1996, Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Cosaint Choimhdeacha), 2013 agus an dlí ábhartha náisiúnta agus idirnáisiúnta eile:

(i) *imscrúdú a dhéanamh ar iarratais ó dhaoine a lorgaíonn dearbhú do stádas dídeanaí agus na moltaí cuí a eisiúint don Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais,*

(ii) *iarratais a rinne dídeanaithe a imscrúdú lena cheadú do mhuintir an teaghlaigh an Stát a iontráil agus cónaí ann agus tuairisciú don Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais faoi na hiarratais sin,*

agus

(iii) *imscrúdú a dhéanamh ar iarratais ar chosaint choimhdeach agus na moltaí cuí a eisiúint don Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais faoi na hiarratais sin.*

agus an méid sin á dhéanamh, le seirbhís ardchaighdeáin a chur ar fáil dár gcustaiméirí trí chur chun feidhme beartas agus nósanna imeachta atá cothrom agus oscailte, agus caitheamh leis an uile iarratasóir le cúirtéis agus le híogaireacht.

Cé atá ina Iarrthóir ar Thearmann?

Iarrthóir ar thearmann atá i nduine a lorgaíonn go n-aithneofaí iad mar dhídeanaí i gcomhréir le téarmaí Choinbhinsiún na Ginéive, 1951 i dtaobh stádas dídeanaithe agus Phrótacal 1967 lena mbaineann, a leagann an bonn faoin gcóras idirnáisiúnta de chosaint dídeanaithe.

Sainmhíniú ar Dhídeanaí

De réir dhlí na hÉireann, is éard is dídeanaí ann "duine atá lasmuigh de thír a náisiúntachta de dheasca eagla a bhfuil bunús maith leis go ndéanfar iad a ionchúiseamh ar chúiseanna lena mbaineann cine, reiligiún, náisiúntacht, ballraíocht de ghrúpa ar leith sóisialta nó tuairim pholaitiúil, agus nach bhfuil in ann nó, de dheasca na heagla sin, nach bhfuil toiliúil teacht ar chosaint na tíre sin; nó nach bhfuil in ann, de bharr nach bhfuil náisiúntacht acu agus go bhfuil siad lasmuigh de thír a n-iar-ghnáthchónaithe nó, de dheasca na heagla sin, nach bhfuil siad toiliúil chun filleadh ar an tír sin...".

Cosaint Choimhdeach

Deonaítear cosaint choimhdeach nuair nach gcomhlíonann an t-iarratasóir na riachtanais go ndéanfar dídeanaí de/di, ach nuair a theastaíonn cosaint idirnáisiúnta uaidh/uaithi ar bhealach eile.

Is éard atá i nduine atá incháilithe do chosaint choimhdeach ná duine:

(a) nach náisiúnach de Bhallstát é/í,
(b) nach gcáilíonn mar dhídeanaí,
(c) ar léirigh bunúis shubstainteacha ina leith gur fíor-bhaol don duine sin atá i gceist, dá bhfillfeadh sé/sí ar a t(h)ír dhúchais, bheith thíos le díobháil thromchúiseach agus nach bhfuil in ann nó, de dheasca an bhaoil sin, nach bhfuil toiliúil cosaint na tíre sin a fháil, agus
(d) nach bhfuil fágtha as an áireamh ó bheith incháilithe do chosaint choimhdeach.

Cuid 1

Réamhrá

Cuid 1 – Réamhrá

Creat Dlíthiúil:

Faoi Acht na nDídeanaithe, 1996, bunaíodh dhá oifig neamhspleácha reachtúla i mí na Samhna 2000 le breithniú a dhéanamh ar iarratais/achomhairc ar stádas dídeanaí agus le moltaí a dhéanamh don Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais faoi cibé acu ar cheart nó nár cheart an stádas sin a cheadú. Is iad an dá oifig seo Oifig an Choimisinéara Iarratais do Dhídeanaithe (an ORAC), a dhéanann breithniú ar iarratais ar dhearbhú mar dhídeanaí ag an gcéad dul síos agus an Binse Achomhairc do Dhídeanaithe (BAD) a dhéanann breithniú ar iarratais ar dhearbhú ag céim an achomhairc.[1]

Tá feidhmeanna reachtúla an Choimisinéara Iarratais do Dhídeanaithe arna leagan amach in Acht na nDídeanaithe, 1996, arna leasú ag an Acht um Inimirce, 1999, an tAcht um Inimircigh Neamhdhleathacha (Gáinneáil), 2000, an tAcht um Inimirce, 2003 agus an tAcht um Inimirce, 2004. Ar fud na tuarascála seo, ciallaíonn an téarma "Acht na nDídeanaithe, 1996", Acht na nDídeanaithe, 1996 (arna leasú).

Le héifeacht ón 14 Samhain 2013, aistríodh freagracht as imscrúdú agus cinneadh a dhéanamh ar gach iarratas reatha agus amach anseo ar chosaint choimhdeach ó Sheirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann chuig Oifig an Choimisinéara Iarratais do Dhídeanaithe faoi Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Cosaint Choimhdeach), 2013 (I.R. Uimh. 426 de 2013).

Ina theannta sin, tá/bhí aird ag an Oifig, i measc rudaí eile, ar na hIonstraimí Reachtúla (I.R.) a leanas i ndíscaoileadh a ngnó:

- Uimh. 344 de 2000 – Rialacháin Acht na nDídeanaithe, 1996 (Áiteanna agus Coinníollacha Coinneála), 2000.
- I.R. Uimh. 345 de 2000 – Rialacháin Acht na nDídeanaithe, 1996, (Foirm Iarratais), 2000.
- I.R. Uimh. 346 de 2000 – Rialacháin Acht na nDídeanaithe, 1996, (Deimhniú Cónaithe Shealadaigh), 2000.
- I.R. Uimh. 415 de 2003 – Ordú an Achta um Inimirce, 2003, (Alt 7) (Tosú), 2003.
- I.R. Uimh. 422 de 2003 – Ordú Acht na nDídeanaithe, 1996, (Tíortha Tionscnaimh Sábháilte), 2003.
- I.R. Uimh. 432 de 2003 – Ordú Acht na nDídeanaithe, 1996, (Alt 22), 2003.
- I.R. Uimh. 424 de 2003 – Rialacháin Acht na nDídeanaithe, 1996, (Achomhairc), 2003.
- I.R. Uimh. 714 de 2004 – Ordú Acht na nDídeanaithe, 1996, (Tíortha Tionscnaimh Sábháilte), 2004.
- I.R. Uimh. 518 de 2006 – Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Incháilitheacht do Chosaint), 2006.
- I.R. Uimh. 51 de 2011 – Rialachán na gComhphobal Eorpach (Nósanna Imeachta Tearmainn), 2011.
- I.R. Uimh. 52 de 2011 – Rialachán Acht na nDídeanaithe, 1996 (Nósanna Imeachta Tearmainn), 2011.
- I.R. Uimh. 426 de 2013 – Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Cosaint Choimhdeach), 2013.
- I.R. Uimh. 525 de 2014 – Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Córas Bhaile Átha Cliath), 2014.

[1] *Tá fáil ar chur síos mionsonraithe ar an bpróiseas tearmainn ar láithreán gréasáin an ORAC (www.orac.ie).*

- I.R. Uimh. 137 de 2015 – Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Cosaint Choimhdeach) (Leasú), 2015.

Feidhmeanna an Choimisinéara Iarratais do Dhídeanaithe

Stádas Dídeanaí

Luaitear in Acht na nDideanaithe, 1996 go mbeidh an Coimisinéir Iarratais do Dhídeanaithe neamhspleách i bhfeidhmiú a f(h)eidhmeanna atá de chineál reachtúil agus neamhreachtúil. Is iad na príomhfhreagrachtaí reachtúla:

- imscrúdú a dhéanamh ar iarratais uathu siúd a lorgaíonn dearbhú do stádas dídeanaí agus na moltaí cuí a eisiúint don Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais faoi na hiarratais sin,

  agus

- iarratais ó dhídeanaithe a imscrúdú lena cheadú do mhuintir an teaghlaigh an Stát a iontráil agus cónaí ann agus tuairisciú don Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais faoi na hiarratais sin.

Faoi Acht na nDídeanaithe, 1996, tá an Coimisinéir freagrach, chomh maith, as:

- deimhniúcháin Chónaithe Shealadaigh a eisiúint don lucht iarrtha tearmainn.
- aon Treoracha ón Aire lena mbaineann beartú tosaíochta catagóirí áirithe d'iarratasóir a chomhlíonadh.
- cur i láthair chás an Choimisinéara a atreorú chuig an mBinse Achomhairc Dhídeanaithe, áit a ndéantar moltaí a dhéanann an Coimisinéir a achomharc leis an mBinse.
- faisnéis a sholáthar don UNHCR, mar aon le gníomhaireachtaí cuí Rialtais, amhail dá bhforáiltear sa reachtaíocht.
- daoine mionaoiseacha gan tionlacan a atreorú chuig TÚSLA – an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach ar aon dul le hAlt 8(5) d'Acht na nDídeanaithe, 1996.

Mar gheall go bhfuil an Coimisinéir freagrach go hiomlán as na feidhmeanna seo reachtúla a chomhlíonadh faoi Acht 1996, féadfaidh sé na feidhmeanna seo a tharmligean d'aon bhall dá fhoireann.

Cosaint Choimhdeach

Tá freagracht ar an gCoimisinéir freisin, le héifeacht ón 14 Samhain 2013, as iarratais ar chosaint choimhdeach a imscrúdú agus a chinneadh faoi Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Cosaint Choimhdeach), 2013 ("Rialacháin 2013"). Áirítear leis sin próiseáil a dhéanamh ar na nithe seo a leanas:

- iarratais reatha ar chosaint choimhdeach a rinneadh chuig an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais (Seirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann), nár cinneadh ag dáta tosach feidhme Rialacháin 2013.

  agus

- iarratais nua ar chosaint choimhdeach a rinneadh ón 14 Samhain 2013 ar aghaidh.

Faoi Rialacháin 2013, tá freagracht ar an gCoimisinéir as litreacha a eisiúint d'iarratasóirí ar chosaint choimhdeach lena dtugtar eolas dóibh go bhfuil cead acu fanacht sa Stát go dtí go ndéantar cinneadh deiridh ar a n-iarratas ar chosaint choimhdeach.

Faoi Rialacháin 2013, beidh an Coimisinéir neamhspleách agus a fheidhmeanna á gcomhlíonadh aige. Féadfaidh sé a tharmligean d'aon duine a chuaigh isteach i gconradh le haghaidh seirbhíse leis an Aire ceann ar bith dá fheidhmeanna seachas an chumhacht chun moladh cosanta coimhdí a dhéanamh, rud as a bhfuil freagracht ar an gCoimisinéir fós.

Feidhmeanna Neamhreachtúla

Ina theannta sin, tá ag an gCoimisinéir feidhmeanna neamhreachtúla. Ina measc seo, tá:

- a chinntiú go ndéileáiltear le gach iarratas ar stádas dídeanaí ar bhealach cóir, múinte agus éifeachtach ag an gcéad chéim agus go bpróiseáiltear iad ar an mbealach céanna.
- treoracha a eisiúint maidir le cur i bhfeidhm praiticiúil Acht na nDídeanaithe, 1996 agus Rialacháin 2013 agus le nósanna imeachta agus le caighdeán na hoibre.
- a chinntiú go bhfuil fáil ag an bhfoireann ar fhaisnéis leordhóthanach ar thíortha tionscnaimh lucht iarrtha tearmainn agus ar dhlí-eolaíocht agus cleachtas idirnáisiúnta i réimse an tearmainn agus na cosanta coimhdí.
- páirt a ghlacadh i bhfóraim idirnáisiúnta ar ábhair a bhaineann le tearmann agus le cosaint choimhdeach.
- feidhmíocht foirne agus oiliúint agus forbairt a bhainistiú.
- déileáil le fiosrúcháin phreasa.
- an buiséad, an Ráiteas Straitéise, an Phlean Gnó agus an Tuarascáil Bhliantúil don eagraíocht a ullmhú agus a bhainistiú.

Príomhluachanna na hOifige

Is iad na príomhluachanna a threoraíonn obair na hOifige:

- **Neamhspleáchas –** Neamhspleáchas an phróisis agus na cinnteoireachta.

- **Cothroime** – Nósanna imeachta córa a chuirtear in iúl don lucht iarrtha tearmainn agus d'iarrthóirí ar chosaint choimhdeach.

- **Daingne** – Daingne agus oibleagáidí reachtúla á gcur chun feidhme.

- **Freastal ar na príomhpháirtithe leasmhara** – Tiomantas do sheirbhís a chur ar fáil d'iarratasóirí agus do pháirtithe leasmhara eile mar chuid dár dtiomantas foriomlán do sheirbhís éifeachtúil do chustaiméirí a sholáthar.

- **Inrochtaineacht** – Inrochtaineacht faisnéise agus seirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas.

- **Tiomantas don Fhoireann** – A aithint gurb í an fhoireann an acmhainn is luachmhaire atá ag an Oifig agus timpeallacht a chothú inar féidir leo oibriú go héifeachtach agus a gcumas a fhorbairt ar mhaithe leis an Oifig go sonrach, agus lena ngairm bheatha go ginearálta.

- **Tiomantas do shármhaitheas** – Tabhairt faoi obair ar chaighdeán a chinnteoidh aschuir ardcháilíochta agus thráthúla.

- **Oscailteacht** – Cumarsáid a dhéanamh leis an lucht iarrtha tearmainn, leis an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, leis an UNHCR, le hEagraíochtaí Neamhrialtasacha agus leis an bpobal ar bhealach as a n-eascróidh muinín in oibriú na hOifige.

- **Éifeachtúlacht in úsáid acmhainní** – Éifeachtúlacht a chinntiú in úsáid na n-acmhainní ar a bhfuil fáil gan cáilíocht a chur i gcontúirt.

- **Comhpháirtíocht** – Glacadh le cur chuige comhairleach i leith nuálaíochta agus bainistíocht athraithe san ionad oibre agus cultúr rannpháirtíochta, oscailteachta agus measa chomhchoitinn a chothú.

Cistiú agus Soláthar Foirne don Oifig

Cuireann an Stát cistiú ar fáil d'Oifig an Choimisinéara Iarratais do Dhídeanaithe tríd an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Foráiltear in Acht 1996 go mbeidh "baill foirne an Choimisinéara ina Státseirbhísigh de réir chiall Acht na Stát-Sheirbhíse, 1956."

Foráiltear freisin in Acht 1996, go "(bh)Féadfaidh an Coimisinéir a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a tharmligean d'aon bhaill foirne faoin Acht seo, seachas iad sin arna dtabhairt ag Alt 7".

Oifigigh údaraithe shainithe ar ceapadh iad an fhoireann go léir den ORAC, seachas an fhoireann Seirbhísí.

Riachtanais Tuairiscithe

Is iad seo a leanas na riachtanais tuairiscithe don Choimisinéir – faoi mar a leagtar amach iad in Acht 1996 -

- tuarascáil a chur faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais ar a g(h)níomhaíochtaí tráth nach déanaí ná 3 mhí i ndiaidh dheireadh na bliana. cuirfidh an tAire cóip den Tuarascáil Bhliantúil faoi bhráid gach Tí de Thithe an Oireachtais.

- an fhaisnéis uile a theastaíonn a sholáthar don Aire ar bhonn leanúnach le cur ar a c(h)umas a f(h)reagracht agus a c(h)untasacht mar Aire maidir leis an Oifig a chomhlíonadh.

- na cuntais chearta agus ghnátha uile a choimeád ar an uile airgead a fhaightear agus a chaitear agus na cuntais uile speisialta (más ann dóibh) a ordóidh an tAire.

- na cuntais seo a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena n-iniúchadh ar dháta a shonróidh an tAire. Soláthrófar cóip nó sleachta de na cuntais seo, mar aon le tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, don Aire, a thabharfaidh iad araon os comhair Thithe an Oireachtais.

Tá feidhm ag riachtanais tuairiscithe áirithe freisin maidir le Rialacháin 2013.

(Faigheann Oifig an Choimisinéara Iarratais do Dhídeanaithe (an ORAC) liúntas bliantúil cistí arb é Ard-Rúnaí na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais an tOifigeach Cuntasaíochta dó agus áirítear cuntais an ORAC leis na cuntais bhliantúla Roinne.)

Cuid 2

Príomhfhorbairtí in 2015

Cuid 2 – Príomhfhorbairtí in 2015

Iarratais ar Stádas Dídeanaí a Phróiseáil

- Le linn 2015, fuair an ORAC 3,276 iarratas ar stádas dídeanaí. Fad a fuarthas meánlíon iarratas 273 gach mí i gcaitheamh na bliana, fuarthas 407 iarratas i Meán Fómhair, arbh é sin an t-iomlán míosúil b'airde, agus fuarthas an líon ba lú i mí Feabhra (201 iarratas). Tháinig méadú 126% in 2015 ar na 1,448 iarratas a fuarthas in 2014. Ba é seo an líon b'airde iarratas a fuarthas ó 2008.

- Ba iad na cúig thír thionscnaimh ba rialta as ar tháinig na hiarratais in 2015 an Phacastáin (41.3%), an Bhanglaidéis (8.7%), an Albáin (6.5%), an Nigéir (5.7%) agus an India (4.4%).

- Mar a bhí amhlaidh i mblianta roimhe seo, ba í an treocht ghinearálta go bhfuair an ORAC líon beag iarratas ó líon mór tíortha aonair. In 2015, áfach, b'ionann iarratasóirí Pacastánacha agus Banglaidéiseacha agus 50% de líon iomlán na n-iarratas a fuarthas, ar tháinig go leor de na hiarratasóirí siúd anonn ón Ríocht Aontaithe. As na hiarratais eile, bhí 51 tír ann óna bhfuaireamar 10 n-iarratas nó ní ba lú agus bhí ach 9 dtír ann óna bhfuaireamar 50 iarratas nó ní ba mhó.

- As na 2,582 cás a bhí ar fanacht tabhairt chun críche ag deireadh 2015, bhí an tromlach díobh ar láimh ar feadh níos lú ná 6 mhí.

- B'ionann líon iomlán na n-iarratas ar stádas dídeanaí a próiseáladh lena gcur i gcrích in 2015 agus 1,552 cás. B'ionann seo agus méadú 46% ar an líon céanna in 2014. Sa mhullach air sin, chríochnaíomar 1,480 cás cosanta coimhdí.

- Ba bheag athrú a tháinig ar líon na gcásanna tearmainn a fuarthas agus a próiseáladh faoi Threoir um Beartú Tosaíochta an Aire nuair a tháinig méadú an-bheag ar a líon aníos ó na 50 cás in 2014 go dtí 53 cás in 2015 agus bhí siad sceidealaithe d'agallamh laistigh de 22 lá oibre tar éis dháta an iarratais. Tháinig méadú ar an meántréimhse phróiseála le haghaidh cásanna ar tugadh tús áite dóibh, go dtí 10.8 seachtain aníos ó 4.4 seachtain in 2014.

- Próiseáladh na hiarratais eile ar thearmainn laistigh de mheántréimhse phróiseála 29 seachtain i gcomparáid le beagán os cionn 15 seachtaine in 2014. Ba é an méadú mór a tháinig ar iarratais in 2015 ba chúis leis seo, go príomha.

- B'ionann seo agus méadú 68% ar líon na gcásanna a measadh a aistarraingíodh i rith 2015 go príomha i ngeall gur theip ar iarratasóirí comhoibriú leis an bpróiseas tearmainn faoi mar a cheanglaítear faoi fhorálacha Acht na nDídeanaithe, 1996. Tháinig 319 iarratas faoi chuimsiú na catagóire seo in 2015 i gcomparáid le 189 in 2014.

- Fuarthas 33 iarratas ó mhionaoisigh gan tionlacan agus léirigh seo 1% den líon iomlán iarratas a fuarthas in 2015. Cé go bhfuil an líon féin ar aon dul le líon na n-iarratas den saghas sin a fuarthas in 2014, tá laghdú faoi dhó tagtha air nuair a léirítear é mar chéatadán de na héilimh iomlána. Próiseáladh na hiarratais seo laistigh de mheántréimhse phróiseála 20.1 seachtain.

- Thug 35 duine san iomlán in ionaid choinneála in iúl gur mhaith leo iarratas a dhéanamh ar thearmann in 2015. B'ionann sin agus 1% de na hiarratais go léir a fuarthas in 2015 agus is ionann é agus laghdú beag ar an ráta 1.5% don chatagóir chéanna in 2014. As na hiarratais seo, cuireadh 17 n-iarratasóir faoi agallamh in ionaid choinneála i rith 2015. Leanadh le tús áite a thabhairt do na hiarratais sin ar aon dul le forálacha reachtúla.

- Príomhthosaíocht i rith na bliana a bhí i gcinntiú gur lean ár nósanna imeachta próiseála a bheith ar aon dul le dea-chleachtas idirnáisiúnta. Ina leith seo, rinne an ORAC athbhreithniú agus leasú ar ár dteimpléad tuairisce agus ár nótaí treorach cinntiúchán stádas dídeanaí le cúnamh ón UNHCR.

- Chuir an ORAC tús le réamhphleanáil don tús a bhí le cur againn in 2016 leis an Acht um Chosaint Idirnáisiúnta, 2015, a d'fhoilsigh an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais i mí na Samhnan 2015 agus a rith dhá Theach an Oireachtais i mí na Nollag 2015. Cuimsítear in Acht 2015 forálacha do nós imeachta aonair chun iarratais ar chosaint a phróiseáil agus aon fhorais ar ar mhian le hiarratasóir cead a lorg chun fanacht sa Stát.

- Lean an ORAC ag oibriú le hOifig Bhaile Átha Cliath an UNHCR maidir le ceisteanna oiliúna. Cuireadh oiliúint ar fáil ar chinntiúchán stádas dídeanaí agus cosaint choimhdeach d'fhoireann an ORAC agus do Phainéal sínte um Próiseáil Cásanna i rith na bliana. Tá an oiliúint seo ar aon dul le treoirlínte churaclam oiliúna na hOifige Tacaíochta Eorpaí do Chúrsa Tearmainn (an EASO), treoirlínte an UNHCR agus dea-chleachtas idirnáisiúnta.

- Lean an Grúpa Athbhreithnithe Dearbhaithe Cáilíochta lena n-obair ardchaighdeáin profála, ina measc obair a bhain le moltaí a rinneadh anuas ar scrúdú a dhéanamh ar chinntí a dhiúltaigh an Binse Achomhairc do Dhídeanaithe agus breithiúnais chúirte. Cuireann obair an ghrúpa le hathbhreithniú leanúnach bheartais agus nósanna imeachta an ORAC.

- A bhuíochas le comhoibriú na bpáirtithe leasmhara ábhartha, i measc na hoiliúna oibríochtúla a soláthraíodh in 2015:

    - Cinntí a Dhéanamh faoi Stádas Dídeanaí
    - Cosaint Choimhdeach
    - Rialachán Bhaile Átha Cliath III an AE
    - Cearta Daonna agus Inniúlacht Chultúrtha a sholáthair oiliúnóirí an ORAC mar chuid den chlár oiliúna do phearsanra sibhialtach SEIÉ.
    - Ateangaireacht i gcomhthéacs Cinntiúchán Stádas Dídeanaí/Cosaint Choimhdeach d'ateangairí a úsáideann an ORAC.

- Bhí ionchur ag páirtithe leasmhara, ar nós an UNHCR agus SPIRASI (an Lárionad um Chúram Marthanóirí an Chéasta) isteach inár gcláir oiliúna, faoi mar a theastaigh.

- Mar chuid de shláine an phróisis tearmainn a chosaint, lean Aonad Imscrúdaithe agus Idirchaidrimh an ORAC ag feidhmiú mar phointe idirchaidrimh agus sholáthair siad tacaíocht agus comhoibriú imscrúdaitheach do gach limistéar den ORAC agus le gníomhaireachtaí eile Stáit, ar nós Sheirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann, Bhiúró Teicniúil an Gharda Síochána agus Bhiúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Inimirce mar aon le húdaráis tearmainn Stáit eile den AE.

- Ar aon dul leis an ngnáthchleachtas, leanamar a bheith airdeallach maidir le monatóireacht a dhéanamh ar ár bpróiseas d'iarratasóirí a d'fhéadfadh bheith faoi réir gáinneála ar dhaoine. Cuireadh na cásanna siúd in iúl don Aonad um Gháinneáil ar Dhaoine a Chosc de chuid na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais mar aon le Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Sheirbhísí Cosanta (an GNPSB) go ndéanfar breis imscrúdú orthu.

- Lean rannpháirtíocht in 2015 i bplé le Grúpaí Oibre an Aontais Eorpaigh a dhéileáil le saincheisteanna a bhain le cosaint idirnáisiúnta, lena n-áirítear Rialachán Bhaile Átha Cliath III a chur i bhfeidhm. Anuas air sin, d'fhreastail an fhoireann ar líon mór cruinnithe i dtaca le ceisteanna comhoibrithe, a raibh an Oifig Tacaíocht Eorpach do Chúrsaí Tearmainn ina cathaoirleach orthu, ina measc cruinnithe a bhaineann le cur chuige coiteann an AE i leith oiliúna agus cáilíochta.

- D'eisigh an ORAC 302 cinneadh aistrithe amach faoi Rialachán Bhaile Átha Cliath III an AE in 2015 i gcomparáid le 21 cinneadh aistrithe in 2014. Bhí a gcéad bhliain iomlán feidhme ag Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Córas Bhaile Átha Cliath), 2014, in 2015, a tugadh chun críche d'fhonn tacú le feidhmiú Rialachán Bhaile Átha Cliath III in Éirinn agus a tháinig i bhfeidhm i mí na Samhna 2014, agus tugadh faoi 380 agallamh de chuid Rialachán Bhaile Átha Cliath.

- Chomh maith leis sin, lean an ORAC le córas méarlorgaireachta EURODAC an AE a úsáid chun cásanna a shainaithint a bhí le cur chun cinn faoi théarmaí Rialacháin Bhaile Átha Cliath trí startha víosa nó cónaitheachta eile a chur san áireamh nár tháinig laistigh de scóip EURODAC. Is éard a bhíonn mar thoradh ar víosa a úsáid agus seiceálacha eile a dhéanamh ar iarratasóirí ná go ndéantar iarratasóirí a shainaithint, a tháinig go hÉirinn agus a rinne iarratas ar thearmann agus iad ag maíomh nach raibh aon cháipéisí aitheantais ná taistil acu, tar éis dóibh cead víosa nó cónaitheachta i mBallstát eile a fháil.

- Seoladh 2,912 sraith méarlorg chuig EURODAC in 2015. D'eascair 345 amas as méarloirg 231 iarratasóir le EURODAC, a thug le fios go ndearna na hiarratasóirí seo iarratas ar thearmann i mBallstát amháin nó níos mó.

- Thit pleanáil amach chun Rialachán Méarloirgeachta EURODAC (Rialachán (AE) Uimh. 603/2013) a thabhairt isteach, arb é Rialachán nua EURODAC (Athmhúnlú), a tháinig i bhfeidhm in Iúil 2015. Áiríodh leis seo bogearraí nua méarlorgaireachta a shuiteáil san ORAC chun an Rialachán a chur i bhfeidhm.

- Tá Uathchóras Aithinte ó Mhéarloirg (AFIS) an Gharda Síochána ina ghné lárnach den phróiseas ina malartaíonn an ORAC faisnéis le bunachar méarlog EURODAC.

- Sa mhullach air sin, lean an ORAC le húsáid a bhaint as an gCóras Uathoibrithe um Iarratas agus Rianú Víosa (AVATS) de chuid Sheirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann lena chur ar a chumas chun iarratais ar thearmann a shainaithint sa chás go bhfuair an t-iarratasóir víosa Éireannach ach nár sholáthair siad aon phas nó aon cháipéisíocht chuí eile nuair a tháinig siad chuig an ORAC.

- I rith 2015, milleadh 2,705 sraith méarlorg, ar aon dul le ceanglais reachtúla.

- In 2015, fuarthas 272 iarratas ar athaontú teaghlaigh, ar méadú 63% é seo ar fhigiúr 167 2014. Rinneadh fiosrúchán orthu seo faoi Acht na nDídeanaithe, 1996 ar aon dul le freagrachtaí an ORAC as fiosrú a dhéanamh ar iarratais ó dhaoine a bhfuil stádas dídeanaí acu ar athaontú teaghlaigh agus as tuarascálacha a sholáthar ar na himscrúduithe seo don Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais.

- Bhí líon na n-éisteachtaí achomhairc a sceidealaigh an Binse Achomhairc do Dhídeanaithe in 2015 i bhfad ní ba mhó ná an bhliain roimhe sin. D'fhóin Oifigigh Thíolactha agus comhaltaí den Phainéal um Próiseála Cásanna ar 725 éisteacht achomhairc, i gcomparáid le 233 de na héisteachtaí siúd in 2014, ar méadú 211% é seo. Áirítear leis an iomlán seo 160 éisteacht achomhairc ar chosaint choimhdeach a bhí sceidealaithe i rith na bliana chomh maith.

- Dhéileáil an ORAC le 33 fiosrúchán faoi ailt 16(6) agus 16(7) d'Acht na nDídeanaithe, 1996, ón mBinse Achomhairc ó Dhídeanaithe, a léirigh méadú 22% ar an líon a fuarthas in 2014. Déileáladh le gach fiosrúchán laistigh d'amfhrámaí comhaontaithe.

- Rinneadh ionadaíocht don ORAC ar an nGrúpa Oibre a thuairiscigh don Rialtas ar Fheabhsúcháin ar an bPróiseas Cosanta, ina measc Soláthar agus Tacaíochtaí Díreacha a chur ar fáil d'Iarrthóirí Tearmainn. Lena chois sin, chuir ár bhfoireann le hobair a bhfoghrúpaí éagsúla. Foilsíodh Tuarascáil an Ghrúpa Oibre i Meitheamh 2015 agus cuimsítear inti 173 moladh, ar an iomlán, a n-imríonn go leor díobh tionchar ar oibriú an phróisis chosanta.

Cosaint Choimhdeach

- Lean obair ar siúl in 2015 ar iarratais ar chosaint choimhdeach a phróiseáil, agus aistríodh freagracht as seo ó Sheirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann chuig an ORAC faoi Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Cosaint Choimhdeach), 2013, le héifeacht ón 14 Samhain 2013.

- Bhí nach mór 3,800 cás ann sa riaráiste cásanna cosanta coimhdí a aistríodh chuig an ORAC ó SEIÉ i mí na Samhna 2013, as ar dhearbhaigh 1,660 iarratasóir gur mhian leo leanúint lena n-iarratais a bhí á n-aistriú chuig an ORAC. In 2015, bhí thart ar 900 agallamh le haghaidh cosaint choimhdeach sceidealaithe agus tugadh 1,480 cás chun críche. Mar gheall air seo, faoi Nollaig 2015, agus ag cur leis an obair shubstaintiúil faoinar tugadh in 2014, bhí nach mór gach cás sa riaráiste beo thart ar 1,660 cás tugtha chun críche.

- Anuas air sin, fuair an ORAC thart ar 297 iarratas nua ar chosaint choimhdeach, chomh maith leis sin, in 2015, i gcomparáid le 250 in 2014.

- I rith na bliana, aistarraingíodh 619 iarratas nó measadh gur aistarraingíodh iad ón bpróiseas cosanta coimhdí. Áiríodh leo seo cásanna inar thug an t-iarratasóir le fios nár mhian leis/léi leanúint lena n-iarratas nó níor chomhoibrigh siad leis an ORAC mar gheall gur theip orthu freagairt a thabhairt ar líon litreacha a d'fhiosraigh cibé acu ar mhian nó nár mhian leo leanúint lena gcásanna.

- An 16 Aibreán 2015, shínigh an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Cosaint Choimhdeach) (Leasú), 2015. Cuireann siad ar chumas duine

chun iarratas a dhéanamh ar chosaint choimhdeach ag an tráth céanna le hiarratas ar stádas dídeanaí nó ag aon tráth i ndiaidh agus sula ndeonaítear stádas dídeanaí do dhuine.

Forbairtí Eile

- Iarmhairt thábhachtach a bhaineann le feabhsú leanúnach ár mbeartas agus nósanna imeachta, cláir oiliúna agus próisis cháilíochta a bhí sa laghdú ginearálta atá tagtha ar an líon athbhreithnithe breithiúnacha a glacadh i gcoinne an ORAC. Fuaireamar 11 chás nua athbhreithnithe bhreithiúnaigh[2] in 2015, ar laghdú é seo ar na 23 cás a fuarthas in 2014. Rinneadh 90 cás, ar an iomlán, a dhiúscairt i rith 2015 agus bhí 16 chás ar láimh ag deireadh na Nollaig 2015. Mar chomparáid leis sin, bhí 95 cás ar láimh ag deireadh na Nollag 2014.[3]

- B'ionann caiteachas an ORAC faoi fhotheideal na gcostas dlí in 2015 agus €201,359.26. [4]

- Leanann an ORAC le bainistiú réamhghníomhach a dhéanamh ar gach agóid dhlíthiúil d'fhonn an toradh is fearr a bhaint amach don Stát, anuas ar chostais fhéideartha a bhíonn i gceist a íoslaghdú[5].

- Le hinfhaighteacht agus cáilíocht Faisnéise iontaofa agus cuimsithí faoi Thír Thionscnaimh a úsáideann foireann an ORAC agus ár gcomhaltaí den Phainéal um Próiseála Cásanna a chinntiú, baineadh leas, arís eile, as seirbhísí an Ionaid Cháipéisíochta um Dhídeanaithe (an RDC), ina measc a n-áis ríomhleabharlainne, i rith 2015. Mar gheall go bhfuil an ORAC ar cheann de phríomhúsáideoirí an RDC, chas an ORAC leis an RDC ar bhonn déthaobhach anuas ar fhreastal ar Chruinnithe Ghrúpa Stiúrtha an RDC i rith 2015.

- Lena chois sin, d'fhonn infhaighteacht leanúnach ar Fhaisnéis iontaofa faoi Thír Thionscnaimh a chinntiú, coimeádann an ORAC Bunachar Sonraí Eolais Roinnte na nOibrithe Cásanna Leithleacha atá cothrom le dáta, a mbaineann an fhoireann agus comhaltaí an Phainéil um Phróiseála Cásanna úsáid as.

- Lean an ORAC le húsáid a bhaint as seirbhísí anailíse teanga in 2015 i measc líon beag iarratasóirí. Má léiríonn tuairisc na hanailíse teanga nach bhfuil an t-iarratasóir ón

---

[2] Cé gur athbhreithnithe breithiúnacha tromlach na n-agóidí dlíthiúla i leith ORAC, faightear líon beag agóidí eile, ar nós urghairí agus saghsanna éagsúla toghairmeacha. Cuirtear achomhairc chuig an gCúirt Uachtarach san áireamh sna figiúirí sin freisin. Ó thráth go tráth, iarrtar ar ORAC faisnéis a sholáthar do na Cúirteanna i gcomhthéacs iarratais Habeas Corpus.

[3] Léiríonn an laghdú seo líon tionscnamh atá ar bun, lena n-áirítear tionscnamh ag an Ard-Chúirt chun cásanna a athbhreithniú agus a bhainistiú, go háirithe cásanna níos sine, atá ar an Liosta Tearmainn agus Inimirce atá ar feitheamh dátaí éisteachta.

[4] Déantar íocaíochtaí a rinne ORAC faoin bhfotheideal seo de bhun Billí Costas a cuireadh faoi bhráid ORAC (i ndiaidh imréitigh ag Oifig Rannóg Cuntasaíochta Costas an Phríomh-Aturnae Stáit) ag ionadaithe dlí iarratasóirí i dtaca le hathbhreithniú breithiúnach a réitigh nó a chaill ORAC, mar shampla. Is gnách gurb ann do mhoilleanna suntasacha – roinnt blianta corruair – i gcur ar aghaidh Billí Costas. Dá bharr sin, is ann do mhoilliú athraitheach ama idir tabhairt chun críche cásanna os comhair na gcúirteanna agus cur ar aghaidh Billí Costas nach bhfuil aon smacht ag ORAC orthu.

[5] Is gnách go n-eascraíonn réitigh mar gheall go lorgaíonn an ORAC chun athbhreithniú breithiúnach a réiteach ag céim luath chun cosc a chur ar chostais níos airde eascairt mar gheall ar imeachtaí fadálacha sínte. Féadfaidh seo a chur ar chumas an cás a chur chun cinn chuig an mBinse Achomhairc do Dhídeanaithe gan mhoill neamhriachtanach. D'fhéadfadh sé eascairt, chomh maith leis sin, mar gheall nach n-éiríonn leis an ORAC i gcás Athbhreithnithe Bhreithiúnaigh ar leith, a lorgaímid a réiteach, ar bhonn measúnú riosca, a shamhail de chásanna eile chun imeachtaí fadálacha sínte a sheachaint cé nach cinnte in aon chor nach n-éireodh leis an ORAC dá leanfaí ar aghaidh leis an gcás chun éisteachta. Ar deireadh, tugaimid faoi phróiseas de Réamh-Athbhreithnithe Breithiúnacha a spreagadh ina dtabharfadh comhairleoirí dlí saincheisteanna féideartha lenár gcinntí chun airde sula n-eisítear an t-imeacht dlíthiúil. Sheachnódh seo costas imeachtaí, réiteach etc.

gceantar tíreolaíochta nó ón bpobal urlabhra a mhaíonn siad, déantar saincheist chreidiúnachta di agus déanfar í a fhiosrú ag agallamh substainteach. Ar an gcuma chéanna, d'fhéadfadh an tuairisc tacú le maíomh an iarratasóra gurb as ceantar ar leith tíreolaíochta iad nó go bhfuil siad mar bhall de phobal urlabhra ar leith. Ar neamhaird le hábhar na tuairisce, tugtar deis iomlán do gach iarratasóir a(h)éileamh a chur i láthair ag agallamh substainteach. Úsáidtear tuairisc na hanailíse teanga, sna cásanna siúd go n-iarrann an ORAC, chun cabhrú le meastóireacht fhoriomlán an iarratais agus déantar an t-iarratas a mheas i gcomhpháirt le gach gné eile den éileamh.

- Lean an ORAC le páirt a ghlacadh in obair fóram ábhartha idirnáisiúnta a dhéileáil le tearmann agus le hábhair dhídeanaí, ina measc, Grúpaí Oibre den Aontas Eorpach, Comhairliúcháin Idir-Rialtasacha maidir le saincheisteanna Tearmainn, Dídeanaithe agus Imirce (IGC) atá bunaithe sa Ghinéiv agus an Oifig Eorpach Tacaíochta Tearmainn (EASO).

- Toghadh an Coimisinéir mar Leas-Chathaoirleach Bhord Bainistíochta an EASO le linn 2015. Anuas air sin, d'fhreastail sé ar thrí chruinniú boird i rith na bliana. Is í aidhm an EASO cabhrú le feabhas a chur ar chur chun feidhme an Chomhchórais Tearmainn Eorpaigh, le comhoibriú praiticiúil a threisiú i measc na mBallstát maidir le tearmann agus le soláthar tacaíochta oibríochtúla a chur ar fáil agus/nó a chomhordú do na Ballstáit faoi réir brú áirithe ar a gcórais tearmainn agus ghlactha.

- Chomh maith leis sin, leagadh freagrachtaí nua próiseála ar an ORAC in 2015 faoi Chlár um Chosaint Dídeanaithe na hÉireann a bhunaigh an Rialtas i Meán Fómhair 2015 mar chuid de rannchuidiú na hÉireann le freagairt an AE i leith na géarchéime dídeanaithe agus imirceach sna réigiúin Aeigéacha agus i réigiúin na Meánmhara. Faoin gClár seo, déanfar breis agus 2,500 iarrthóir tearmainn a athlonnú chuig an Stát ón nGréig agus ón Iodáil faoi Chinntí Chomhairle an AE 2015/1523 agus 2015/1601 a rinneadh i Meán Fómhair 2015, go ndéanfaidh an ORAC próiseáil orthu. An 16 Nollaig 2015, thug foireann ildisciplíneach, ina measc ionadaithe ó Chlár um Chosaint Dídeanaithe na hÉireann agus an Garda Síochána, faoi stiúir Oifigeach Idirchaidrimh an ORAC don Ghréig cuairt ar an Aithin chun casadh leis na chéad iarratasóirí athlonnaithe ón nGréig féachaint le hiad a aistriú chuig an ORAC go luath in 2016.

Tacaíocht/Oiliúint Foirne agus Seirbhísí Tacaíochta Inmheánaí

- Lean an ORAC ag tacú go hiomlán lena fhoireann agus lena gcomhaltaí den Phainéal um Próiseála Cásanna in 2015 d'fhonn soláthar spriocanna agus chuspóirí ár n-eagraíochta a chumasú.

- Lean gach comhalta foirne le páirt a ghlacadh sa Chóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (PMDS) i rith 2015. Caitear le PMDS mar phríomhuirlis bhainistíochta laistigh den eagraíocht agus tá sé in ainm is bheith ina bhealach cóir agus éifeachtach chun feidhmíocht foirne, forbairt phearsanta agus gairm a thomhas i gcomhthéacs cruthú spriocanna agus cuspóirí aonair, roinne agus foriomlána eagraíochta a bhaint amach trí phlé rialta oscailte agus bisiúla idir na bainisteoirí agus an fhoireann.

- In 2015, lean an ORAC le tosaíocht a dhéanamh de riachtanais a bhfoirne i limistéir na forbartha agus na hoiliúna a bhain go sonrach le poist ar bhealach costéifeachtúil. Ar an iomlán, cuireadh 97 aonad oiliúna ar fáil don fhoireann. Anuas air sin, soláthraíodh 233

aonad breise le haghaidh Oiliúint Ateangairí agus chun oiliúint a chur ar chomhaltaí an Phainéil um Phróiseála Cásanna.

- I dteannta na hoiliúna oibríochtúla a liostaítear níos luaithe, sholáthair an ORAC an méid a leanas chomh maith i rith 2015:

  - Oiliúint um Shaoráil Faisnéise – (Bunoiliúint agus Ardoiliúint)
  - Oiliúint Shonrach d'Oibrithe Cásanna Leithleacha
  - Oiliúint ar Chóras EURODAC
  - Oiliúint Fáiltithe

- Leanadh le hacmhainní soláthair foirne a choimeád faoi athbhreithniú agus rinneadh cás gnó le Seirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann i Lúnasa 2015 le haghaidh foireann bhreise go ndéileálfaidh siad le riar cásanna méadaitheach iarratas.

- D'fhreagair foireann an ORAC d'éilimh dhúshlánacha agus mhéadaitheacha ghnó i rith 2015 trí sholúbthacht a léiriú sa chur chuige agus trí leanúint le socruithe éagsúla iltascála chun dul i ngleic le haon saincheisteanna a tháinig chun solais.

- I gcaitheamh 2015, lean Painéal um Próiseála Cásanna an ORAC le ról substainteach a chomhlíonadh in obair na heagraíochta mar chuid den straitéis ina n-úsáidtear soláthraithe seachtracha, nuair is féidir, chun tabhairt faoi ualaí oibre atá ag dul i méid i limistéar an tearmainn.

- Lean roinnt foirne le bheith ar iasacht d'Aonad um Thuairisciú agus Anailís (RAU) SEIÉ. Is é cuspóir an RAU chun tacú leis an SEIÉ (lena n-áirítear an ORAC) go ginearálta maidir le soláthar faisnéise staitistiúla ar mhaithe le cuspóirí bainistíochta, oibríochtúla agus pleanála straitéisí.

- Lean an ORAC le socrúcháin a sholáthar faoin gClár Intéirneachta Náisiúnta (JobBridge). Soláthraíonn an clár seo deis do rannpháirtithe chun páirt ghníomhach a ghlacadh i limistéir shonracha na hEagraíochta agus soláthraíonn sé acmhainn bhreise a théann chun sochair an ORAC.

Seirbhís do Chustaiméirí

- Lean an ORAC le tús áite a thabhairt dá fheidhm um sheirbhís do chustaiméirí i rith 2015 agus próiseáladh méid suntasach de chomhfhreagras. Tá fáil ar bhreis sonraí níos faide ar aghaidh sa tuarascáil seo.

- Athbhreithníodh Plean Gníomhaíochta um Sheirbhís do Chustaiméirí 2013-2015 faoi dhó in 2015. Ar nós ár gcáipéisí corparáideacha eile, féadtar ár gcáipéisí um Sheirbhís do Chustaiméirí a rochtain ar láithreán gréasáin an ORAC (www.orac.ie).

- Mar aon leis an teagmháil a rinneadh le páirtithe leasmhara, a luaitear thuas, thit cruinniú amach dár bPainéal Idirchaidrimh um Sheirbhís do Chustaiméirí in Iúil 2015.

Saoráil Faisnéise

- Faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014, rinneadh Saoráil Faisnéise a shíneadh chun réimse comhlachtaí poiblí a chuimsiú. Cé gur tháinig an ORAC faoi Act 2014 le héifeacht ón 14 Aibreán 2015, níl ach na taifid siúd a cruthaíodh an 14 Deireadh Fómhair 2014, nó ina dhiaidh sin, faoi réir saoráil faisnéise. Áfach, tagann gach taifead a bhaineann le faisnéis phearsanta atá á coimeád ag an ORAC, gan aird ar cathain a cruthaíodh iad, faoi chuimsiú scóip an Achta, faoi réir roinnt eisceachtaí. Fuarthas agus próiseáladh 15 iarratas, ar an iomlán, i gcomhréir le ceanglais reachtúla.

Comhpháirtíocht

- Chas Coiste Comhpháirtíochta an ORAC 5 huaire i rith 2015. Soláthraíonn na cruinnithe an deis don fhoireann, an bhainistíocht agus d'ionadaithe ceardchumainn plé a dhéanamh ar cheisteanna, ar nós pleanáil chorparáideach, go háirithe i gcomhthéacs na pleanála don Acht um Chosaint Idirnáisiúnta, 2015, feasacht ar fhuinneamh agus saincheisteanna eagraíochtúla eile.

Forbairtí Corparáideacha

- Ar aon dul leis an gcleachtas leanúnach, bhí cruinnithe rialta na bainistíochta sinsearaí agus aonaid ar bun laistigh den eagraíocht le linn na bliana le tosaíochtaí oibre a chur chun cinn agus lena chinntiú go raibh ceangaltais phlean gnó an ORAC á mbaint amach ar aon dul le Ráiteas Straitéise 2013-2015 an ORAC.

- Chomh maith leis sin, tugadh faoi obair ar Ráiteas Straitéise Corparáideach nua don tréimhse 2016-2018 a fhorbairt, ina leagfar amach spriocanna agus tosaíochtaí ardleibhéil na heagraíochta go dtí go ndéantar an ORAC a chomhchuimsiú isteach in SEIÉ nuair a chuirfear tús leis an Acht um Chosaint Idirnáisiúnta, 2015.

- Cuimsítear sna Pleananna Gnó uile d'aonaid oibre an ORAC cuspóirí agus aschuir a eascraíonn ó thosach feidhme beartaithe an Achta um Chosaint Idirnáisiúnta, 2015 in 2016.

- Lean an ORAC le hardtosaíocht a thabhairt do chúrsaí sláinte agus sábháilteachta in 2015. Cuireann Ráiteas Beartais Sláinte agus Sábháilteachta ar chumas na hOifige a bhfreagrachtaí i leith na foirne agus a gcustaiméirí a chomhlíonadh faoin reachtaíocht sláinte agus sábháilteachta. Déantar ionadaíocht don ORAC ar Choiste Sláinte agus Sábháilteachta SEIÉ, a phléann saincheisteanna sláinte agus sábháilteachta maidir le SEIÉ agus lena ngníomhaireachtaí gaolmhara, lena chinntiú go gcomhlíontar gach ceanglas sa réimse seo.

- Leanadh le Plean Gníomhaíochta Fuinnimh an ORAC a chur i bhfeidhm. Tá Ráiteas um Úsáid Fuinnimh an ORAC in 2015 le fáil in Aguisín 8.

Cúrsaí Cumarsáide agus Claochlaithe Gnó

- I rith 2015, ag cur le hobair faoinar tugadh cheana féin don reachtaíocht um Inimirce, Cosaint agus Cónaí níos luaithe, chuir an ORAC tús le réamhphleanáil do nós imeachta aonair a thabhairt isteach mar chuid den Acht um Chosaint Idirnáisiúnta, 2015. Meastar go gcuirfear tús le hAcht 2015 in 2016.

- I gcaitheamh 2015, rinneadh cumarsáid leanúnach le príomhghníomhairí sa phróiseas cosanta, ar nós an UNHCR, eagraíochtaí ábhartha neamhrialtasacha agus ionadaithe dlí ar obair na hOifige.

- Eisíodh trí eagrán de Bhullaitín Foirne an ORAC in 2015. Is é cuspóir an bhullaitín ná an fhoireann a choimeád cothrom le dáta ar na forbairtí gnó i rith na bliana. Leanadh le cruinnithe rialta aonaid a chur ar bun.

- Faoi mar a cuireadh in iúl cheana féin, anuas ar rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara, a luaitear thuas, thit cruinniú amach dár bPainéal Idirchaidrimh um Sheirbhís do Chustaiméirí in Iúil 2015.

Cuid 3

Dul chun cinn ar Spriocanna Ardleibhéil Ráiteas Straitéise 2013-2015

Cuid 3

Dul chun cinn ar Spriocanna Ardleibhéil Ráiteas Straitéise 2013-2015

Sprioc Ardleibhéil 1

Chun imscrúdú a dhéanamh ar iarratais ar stádas dídeanaí agus ar athaontú teaghlaigh laistigh d'amfhrámaí íosta.

Cuspóirí Ráiteas Straitéise 2013-2015

- *An líon moltaí is mó is féidir le haghaidh dearbhú stádas dídeanaí a eisiúint laistigh d'amfhrámaí íosta a chinntiú, ar aon dul le nósanna imeachta cothroma agus aird chuí á tabhairt ar cheanglais reachtaíochta maidir le beartú tosaíochta mar atá leagtha amach ag an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais.*

- *Cur i bhfeidhm iomlán agus éifeachtúil Rialachán Bhaile Átha Cliath III an AE a bhaint amach agus aird mar is ceart ar na critéir a dheimhneoidh go bhfuil an Stát Conarthach freagrach as iarratais ar thearmann a phróiseáil.*

- *Táirgeacht bharrmhaith a bhaint amach maidir le hiarratais a phróiseáil ar athaontú teaghlaigh laistigh de na hamfhrámaí íosta.*

- *Réiteach agus pleanáil a dhéanamh do thabhairt isteach nós imeachta aonair agus dul i ngleic go hiomlán agus go héifeachtach le haon leasuithe ar Acht na nDídeanaithe, 1996 amhail a eascraíonn siad.*

Dul chun cinn ar spriocanna agus ar chuspóirí in 2015

Iarratais ar thearmann a phróiseáil

- Tháinig méadú 126% ar an líon iarratas ar thearmann a fuarthas in 2015 i gcomparáid le 2014. Fuarthas 3,276 iarratas i rith 2015. Ba í an mhí ina bhfuarthas an líon ab airde iarratas Meán Fómhair, nuair a fuarthas 407 iarratas.

- Ag deireadh 2015, tháinig méadú suntasach ar líon na gcásanna a bhí ag fanacht lena gcur i gcrích i gcomparáid leo siúd ag deireadh na bliana 2014. B'éard ba chúis leis seo ná an méadú mór a tháinig ar iarratais a fuarthas i rith na bliana.

- Ba iad na cúig thír thionscnaimh ba rialta as ar tháinig na hiarratais in 2015 an Phacastáin (41.3%), an Bhanglaidéis (8.7%), an Albáin (6.5%), an Nigéir (5.7%) agus an India (4.4%).

- B'ionann iarratais ón bPacastáin agus ó Bhanglaidéis agus 50% den iomlán, i dteannta a chéile. Seachas ón ngné seo, lean an treocht ina bhfuair an ORAC líon beag iarratas ó líon mór tíortha aonair. In 2015, bhí 51 tír ann óna bhfuaireamar 10 n-iarratas, ar a mhéid, agus 11 thír óna bhfuaireamar 50 iarratas nó níos mó.

- Lean líon na gcásanna a fuarthas agus a próiseáladh faoi Threoir um Beartú Tosaíochta an Aire a bheith beag agus rinneadh 53 iarratas den saghas sin in 2015, i gcomparáid le 50 in 2014. Bhí an chuid ba mhó de na cásanna seo sceidealaithe d'agallamh 22 lá oibre ó dháta an iarratais agus tugadh chun críche iad laistigh de mheántréimhse phróiseála 10.8 seachtain ó dháta an iarratais.

- Próiseáladh cásanna nár tugadh tús áite dóibh, arb iad ba mhó a bhí i gceist lenár n-ualach oibre, laistigh de mheántréimhse phróiseála 29 seachtain, arb ionann sin agus méadú thart ar 14 seachtaine aníos ó mheántréimhsí próiseála 2014. Ba é an líon níos airde d'iarratais a fuarthas, go príomha, a mhéadaigh an tréimhse sceidealaithe aníos go dtí breis agus 30 seachtain ag tráth amháin i rith na bliana, ba chúis leis an méadú seo.

- Cé gur lean ár gcleachtas leis an líon uasta d'agallaimh a sceidealú ar aon dul leis na hacmhainní a bhí ar fáil, mhéadaigh an méadú an-mhór a tháinig ar iarratais i rith 2015 an t-am a ghlac sé ó dháta an iarratais go dtí dáta an agallaimh shubstaintigh – arb ionann é agus 18 seachtaine ag tús na bliana – go dtí os cionn 30 seachtain i Meán Fómhair 2015. I ndiaidh gur tugadh isteach Painéal sínte um Próiseála Cásanna an ORAC i Meán Fómhair/Deireadh Fómhair 2015, laghdaíodh an tréimhse seo anuas go dtí 13 seachtaine ag deireadh 2015. Ó ráithe dheiridh 2015 ar aghaidh, bhí an ORAC in ann timpeall 60/70 cás sa tseachtain a sceidealú le haghaidh agallamh substainteach i gcomparáid le 20 cás sa tseachtain a sceidealaíodh roimhe sin.

- Ar aon dul le ceanglais Acht na nDídeanaithe, 1996, lean an ORAC le tús áite a thabhairt do gach iarratas a fuarthas ó dhaoine a bhí á gcoinneáil trína n-agallamh tosaigh a sceidealú laistigh de 3 lá oibre óna n-iarratas nó a chóngaraí dó agus b'fhéidir. In 2015, fuarthas agus déileáladh le 35 de na hiarratais siúd.

- Fuarthas 33 iarratas, ar an iomlán, ó dhaoine mionaoiseacha gan tionlacan (leanaí scartha) ag a raibh tearmann á lorg in 2015. Cé gurb ionann seo agus 1% den líon iomlán iarratas a fuarthas in 2015, próiseáladh na hiarratais seo laistigh de mheántréimhse phróiseála 20.1 seachtain. Soláthraíonn an ORAC amscála níos faide chun an ceistneoir tearmainn a chomhlánú agus a sheoladh ar ais sna cásanna seo.

- Anuas air sin, leanadh le tús áite a thabhairt do sheirbhísí cuimsitheacha ateangaireachta agus aistriúcháin i rith na bliana agus d'úsáid an ORAC na seirbhísí siúd in 59 teanga. Athbhreithníodh na nósanna imeachta a bhí i bhfeidhm leis na soláthraithe seirbhíse aistriúcháin agus ateangaireachta ar bhonn leanúnach lena chinntiú go raibh na caighdeáin b'airde cáilíocht i bhfeidhm agus go bhféadfaimis leanúint le seirbhís ardchaighdeáin a sholáthar maidir leis an líon níos airde d'iarratais a fuarthas. I ndiaidh nós imeachta tairisceana a reáchtáil an Oifig um Sholáthar Rialtais go déanach in 2015, meastar go mbronnfar conarthaí nua do sheirbhísí aistriúcháin agus ateangaireachta araon in 2016.

- Lean an ORAC le tacaíocht a sholáthar don fhoireann phróiseála cosanta agus do Phainéal um Próiseála Cásanna an ORAC, lena n-áirítear comhordú le saineolaithe an UNHCR, i limistéir ar nós nósanna imeachta cáilíochta agus oiliúna ar aon dul le modúil dea-chleachtais an UNHCR agus an EASO.

- I measc na gcúrsaí oiliúna a soláthraíodh in 2015, bhí:

    - Cinntí a Dhéanamh faoi Stádas Dídeanaí
    - Cosaint Choimhdeach
    - Rialachán Bhaile Átha Cliath III an AE
    - Cearta Daonna agus Inniúlacht Chultúrtha a sholáthair oiliúnóirí an ORAC mar chuid den chlár oiliúna do phearsanra sibhialtach SEIÉ.
    - Ateangaireacht i gcomhthéacs Cinntí faoi Stádas Dídeanaí/Cosaint Choimhdeach d'ateangairí a úsáideann an ORAC.
    - Oiliúint um Shaoráil Faisnéise – Bunoiliúint agus Ardoiliúint
    - Oiliúint Shonrach d'Oibrithe Cásanna Leithleacha
    - Oiliúint ar Chóras EURODAC
    - Oiliúint Fáiltithe

- Tar éis gur tháinig fairsingiú ar Phainéal um Próiseála Cásanna an ORAC i rith 2015, soláthraíodh oiliúint chuimsitheach do gach comhalta nua Painéil ar chinntiúchán ar chosaint idirnáisiúnta (stádas dídeanaí agus cosaint choimhdeach) i gcomhar leis an UNHCR.

- I rith na bliana, rinne an ORAC athbhreithniú agus leasú ar ár dteimpléad tuairisce um stádas dídeanaí agus ár n-ábhair threorach inmheánacha le cúnamh ón UNHCR. Cabhraíonn seo lena chinntiú go bhfuil tuairiscí a ullmhaítear daingean i dtaobh cúrsaí dlí de agus go mbaineann siad ardchaighdeán amach.

- Lean an ORAC le tacaíocht a sholáthar do phróiseáil cásanna, cosaint choimhdeach agus don fhoireann tíolactha trí acmhainní cinntiúcháin um stádas dídeanaí agus cosaint choimhdeach a sholáthar/a fhorbairt agus aird ar fhorbairtí a rinneadh ar an reachtaíocht, dlínse agus dea-chleachtas idirnáisiúnta.

- Le linn 2015, lean an tAonad um Nósanna Imeachta, Oiliúint agus Forbairt Eagraíochta le príomhnósanna imeachta agus príomhcháipéisíocht treorach na heagraíochta a choimeád cothrom le dáta. Chabhraigh seo leis an uile chomhalta foirne den ORAC, Painéal um Próiseála Cásanna an ORAC san áireamh, chun rochtain gan stró bheith acu ar cháipéisíocht nós imeachta maidir lena limistéar feidhme.

- Sholáthair foireann oiliúna an ORAC oiliúint d'ateangairí a úsáideann an ORAC sa phróiseas cosanta, i gcomhairliúchán leis an UNHCR. D'fhreastail a mhéid le 70 ateangaire ar 4 sheisiún oiliúna den sórt sin i rith na bliana.

- Leanadh le béim a chur ar thaighde ardchaighdeáin lena chur ar chumas agallaimh dhírithe a chur ar bun. Chuir an taighde seo, ar aon dul le rochtain ar fhaisnéis reatha agus chothrom le dáta faoi thír thionscnaimh ar chumas breise moltaí daingne a ullmhú ar aon dul le díriú ár n-eagraíochta ar aschuir ardchaighdeáin.

- Ar aon dul leis an gcleachtas atá i bhfeidhm le go leor blianta, thug oibrithe cásanna leithleacha agus comhaltaí den Phainéal um Próiseála Cásanna faoi agallaimh ar ríomhairí líonraithe. Thug seo rochtain láithreach ar fhoinsí idirlín um Fhaisnéis faoi Thír Thionscnaimh (FTT) a laghdaigh atráth agallamh mar gheall go ndeachthas i ngleic go hiomlán le saincheisteanna beo FTT.

- Leanadh le comhairle dlí a sholáthar d'iarratasóirí cosanta ag, i measc eagraíochtaí eile, an tSeirbhís Dlí do Dhídeanaithe agus Ionad Neamhspleách Dlí Chomhairle Dídeanaithe na hÉireann. Mar rogha air sin, d'fhéadfadh iarratasóirí fáil a bheith acu ar sheirbhísí cleachtóirí príobháideacha. Chomhoibrigh an Oifig seo ar bhonn leanúnach le hionadaithe dlí agus leanadh le comhairle a chur ar iarratasóirí tearmainn ar an ngá a bhí le comhairle luath dlí a fháil.

- Lean foireann an ORAC agus comhaltaí den Phainéal um Próiseála Cásanna le húsáid a bhaint as acmhainní Faisnéise faoi Thír Thionscnaimh (FTT) an Ionaid Cháipéisíochta um Dhídeanaithe (RDC) i rith 2015. Úsáideadh seo go príomha sna próisis um stádas dídeanaí, cosaint choimhdeach agus athaontú teaghlaigh.

- Lean le hionadaíocht a dhéanamh don ORAC ar Ghrúpa Stiúrtha an RDC, a thugann le chéile eagraíochtaí cliaint an RDC agus an UNHCR ar bhonn rialta. Cinntíonn idirghníomhartha leanúnacha, ar nós iad seo, go gcoimeádann ORAC an leibhéal riachtanach rochtana ar FTT atá iontaofa agus cuimsitheach.

- Leanadh le tús áite a thabhairt do rannpháirtíocht i bplé leis na comhlachtaí ábhartha idirnáisiúnta a dhéileálann le ceisteanna dídeanaithe agus cosanta idirnáisiúnta in 2015. D'fhreastail an fhoireann ar chruinnithe Grúpaí Oibre an Aontais Eorpaigh, na gComhairliúchán Idir-Rialtasach ar cheisteanna Tearmainn, Dídeanaithe agus Imirce (IGC) atá bunaithe sa Ghinéiv agus an Oifig Eorpach Tacaíochta Tearmainn (an EASO). D'óstáil an EASO roinnt cruinnithe i rith 2015 a dhírigh ar ghnéithe cáilíochta an phróisis tearmainn. Chuir an ORAC leis na cruinnithe seo.

- Úsáideadh tástáil anailíse teanga chun measúnú chomh sonrach agus is féidir a dhéanamh ar cibé acu an bhféadfaí nó nach bhféadfaí iarratasóir a shuíomh sa cheantar geografach nó sa phobal urlabhra ar mhaígh siad gurb as dóibh, i líon cásanna mar chuid den mheasúnú foriomlán ar gach gné d'éileamh an iarratasóra ar stádas dídeanaí nó cosaint choimhdeach.

- Lean an ORAC ag idirghníomhú leis an UNHCR i gcaitheamh na bliana, agus iad ag dul i muinín a saineolais in go leor limistéar, an oiliúint agus saincheisteanna cáilíochta ina measc. Cuireadh cláir oiliúna a bhain go sonrach leis na feidhmeanna um chinntiúchán stádas dídeanaí agus cosaint choimhdeach i dtoll a chéile i gcomhairliúchán leis an UNHCR. Sholáthair sainchomhairleoir de chuid an UNHCR maidir le cosaint idirnáisiúnta ó Cheanada príomhthacaíocht dár n-eagraíocht i rith 2015.

Rialachán Bhaile Átha Cliath III an AE

- Cé gur lean sé leis an iomaí dúshlán a chur roimh ár n-eagraíocht, baineadh úsáid iomlán as próiseas Bhaile Átha Cliath an AE in 2015. Deimhníonn Rialachán Bhaile Átha Cliath III cén Ballstát atá freagrach as iarratais ar chosaint idirnáisiúnta a phróiseáil. San ORAC, thacaigh próiseas méarlorgaireachta EURODAC, an Córas Uathoibríoch um Iarratas agus Rianú Víosa (AVATS) agus córas ríomh-Víosa SEIÉ le hoibriú Rialachán Bhaile Átha Cliath III.

- In 2015, thug an ORAC faoi thart ar 380 agallamh faoi Rialachán Bhaile Átha Cliath agus rinne sé 302 cinneadh um aistriú amach, ar mhéadú mór seo ar na 21 cinneadh a rinneadh in 2014, i gcás cinntí um aistriú.

- Sheol an ORAC 2,912 sraith méarlorg chuig EURODAC in 2015 agus deimhníodh 345 amas ina raibh baint ag 231 iarratasóir. Glactar méarloirg gach iarratasóra 14 bhliain d'aois agus níos sine agus seoltar ar aghaidh iad chuig EURODAC mar chuid den phróiseas iarratais.

- Glacadh méarloirg iarratasóirí ar thearmann ó Shamhain 2000 i leith, i gcomhréir le halt 9A d'Acht na nDídeanaithe, 1996. Leanadh le méarloirg a bhí deich mbliana d'aois a mhilleadh i Samhain 2010, ar aon dul le ceanglais Acht 1996. In 2015, milleadh 2,705 sraith méarlorg tar éis gur bhain siad éag na tréimhse deich mbliana amach nó sa chás gur deonaíodh saoránacht do na hiarratasóirí, sa chás gur cuí.

Athaontú Teaghlaigh

- D'atreoraigh an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais 272 iarratas ar athaontú teaghlaigh chuig an ORAC in 2015 lena n-imscrúdú faoi Acht na nDídeanaithe, 1996. Ba mhéadú 63% é seo ar an bhfigiúr céanna in 2014. Faoi Acht na nDídeanaithe, 1996, tá an ORAC freagrach as imscrúdú a dhéanamh ar iarratais ar athaontú teaghlaigh agus ar tharchur tuarascála chuig an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais a ullmhú, bunaithe ar an imscrúdú faoinar tugadh. Ceist don Aire atá sa chinneadh deiridh ar na hiarratais seo.

Bainistíocht Thabhairt Isteach an Athraithe, lena n-áirítear an Nós Imeachta Aonair

- An 19 Samhain 2015, d'fhoilsigh an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais an Bille um Chosaint Idirnáisiúnta, 2015.

- Faoi Acht 2015, nuair a chuirfear tús leis, beidh gach foras ag iarratasóir, mar chuid de nós imeachta aonair, chun cosaint idirnáisiúnta a lorg a bhreithneofar i dteannta a chéile, anuas ar fhorais chun cead a lorg chun fanacht ar chúiseanna neamh-cosanta.

- Tá sé beartaithe go gcuirfear tús le hAcht 2015 in 2016.

Sprioc Ardleibhéil 2

An caighdeán is airde d'imscrúdú agus de dhéanamh cinntí a choimeád.

Cuspóirí Ráiteas Straitéise 2013-2015

- *Iarratais a imscrúdú agus a mheasúnú ar chaighdeán ard seasmhach.*
- *Leanúint le nósanna imeachta follasacha agus neamhchlaonta a choimeád.*

Imscrúdú agus próiseáil ardchaighdeáin iarratas

- I rith 2015, leanadh le hardtús áite a thabhairt do phróiseas Dearbhaithe Cáilíochta an ORAC, lenar áiríodh athbhreithniú agus nuashonrú rialta ar na nósanna imeachta agus an treoir reatha ar leibhéal oibríochtúil agus straitéiseach. Chumasaigh seo aiseolas a sholáthar d'oibrithe cásanna leithleacha agus do chomhaltaí den Phainéal um Próiseála Cásanna agus aird ar an athbhreithniú ar mholtaí a rinneadh. Anuas air sin, rinneadh scrúdú ar chinntí a dhiúltaigh an Binse Achomhairc do Dhídeanaithe anuas ar bhreithiúnais na nUaschúirteanna agus chuir siad leis an bpróiseas oibre ónar eascair mionchoigeartú nósanna imeachta an ORAC, faoi mar a theastaigh.

- Lean tábhacht ag baint le ról an Ionaid Cháipéisíochta um Dhídeanaithe (RDC) agus a shaintaighdeoirí don ORAC trí fhaisnéis ardchaighdeáin agus ábhartha faoi thír thionscnaimh (FTT) a sholáthar a chabhraigh le hanailís an ORAC ar iarratais ar stádas dídeanaí, cosaint choimhdeach agus athaontú teaghlaigh.

- Cuireadh oiliúint sainoibre ar an bhfoireann agus ar chomhaltaí den Phainéal um Próiseála Cásanna i limistéir ar nós cinneadh a dhéanamh faoi stádas dídeanaí agus cosaint choimhdeach.

- Leanadh le rianú a dhéanamh ar chomhfhreagras in 2015 chun a chinntiú gur freagraíodh do chomhfhreagras ó gach páirtí leasmhar laistigh de na hamlínte a leagtar amach sa Phlean Gníomhaíochta um Sheirbhís do Chustaiméirí 2013-2015.

- Lean saineolaí ar chosaint idirnáisiúnta ón UNHCR ag cabhrú leis an ORAC le dearbhú cáilíochta gnéithe áirithe de phróisis oibre an ORAC maidir le tearmann agus cosaint choimhdeach araon. Ina measc seo, bhí an méid a leanas:

    - cabhrú le hathbhreithniú a dhéanamh ar theimpléid tuairiscí um chinneadh faoi stádas dídeanaí agus páipéir threorach eile a úsáidfidh foireann, comhaltaí Phainéal um Próiseála Cásanna agus foireann tacaíochta an ORAC,
    - oiliúint a sholáthar do chomhaltaí Phainéal um Próiseála Cásanna an ORAC chun tabhairt faoi agallaimh um chosaint idirnáisiúnta (stádas dídeanaí agus cosaint choimhdeach) agus chun tuairiscí atá daingean ó thaobh dlí de a scríobh,
    - oiliúint a sholáthar d'oibrithe cásanna leithleacha an ORAC chun iarratasóirí ar thearmann a chur faoi agallamh.

- Lean an ORAC ag oibriú leis an Oifig Eorpach Tacaíochta Tearmainn i bhforbairt an Churaclaim chomónta Eorpaigh Thearmainn (EAC) agus tionscnaimh dhea-chleachtais eile sa limistéar um chosaint idirnáisiúnta. Leagann aschuir an EASO i limistéar na hoiliúna agus na cáilíochta, anuas ar thacaíochtaí an UNHCR an bonn faoi mhodúil oiliúna cosanta an ORAC.

- In 2015, tugadh faoi líon seisiúin oiliúna ar an bpróiseas cinnidh cosanta, faoinar tugadh i gcomhar leis an UNHCR, do 70 ateangaire, ar a mhéid.

- Lean an ORAC i mbun idirchaidreamh rialta maidir lena shainchúram le comhlachtaí ábhartha eile, ar nós Sheirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann (SEIÉ), TÚSLA – an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, an tSeirbhís Dlí do Dhídeanaithe (RLS), Biúró an Gharda Síochána um Inimirce (GNIB), an Ghníomhaireacht um Ghlacadh agus Imeascadh (RIA), an Roinn Sláinte, an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige agus Seirbhís Príosún na hÉireann, mar aon le príomhpháirtithe leasmhara eile, ar nós eagraíochtaí neamhrialtasacha.

- Thit idirchaidreamh leanúnach amach le cleachtóirí dlí i gcomhthéacs iarratais ar chosaint a gcliant. Áiríodh leis seo Ionad Dlí Chomhairle Dídeanaithe na hÉireann ar thionscadal um chomhairle luath dlí mar aon leis an tSeirbhís Dlí do Dhídeanaithe.

- Faoi Acht na nDídeanaithe, 1996, ní mholtar d'iarratasóirí ar stádas dídeanaí más ann do thréanfhorais a bheith in amhras go raibh siad ciontach i gcoireanna tromchúiseacha, ar nós coireanna in aghaidh na daonnachta, coireanna cogaidh nó coireanna tromchúiseacha neamhpholaitiúla sula dtagann siad chuig an Stát. Meastar gur "cásanna clásal díolúine" féideartha iad seo. I rith 2011, rinneadh breithniú ar an gclásal díolúine i líon cásanna. I rith na bliana, rinneadh breithniú ar an gclásal eisiaimh roinnt uaireanta.

- Bhain an ORAC úsáid as seirbhísí ateangaireachta agus aistriúcháin i mbreis agus 59 teanga i rith 2015. Bhí na nósanna imeachta a bhí i bhfeidhm leis na soláthraithe seirbhíse ateangaireachta agus aistriúcháin dírithe ar chinntiú go raibh seirbhís ardchaighdeáin ar fáil d'iarratasóirí agus chabhraigh an tseirbhís i bpróiseáil mhear a dhéanamh ar iarratais ar thearmann. Rinneadh athbhreithniú ar bhonn leanúnach ar na nósanna imeachta seo agus cuireadh faisnéis ar fáil dóibh trí theagmháil rialta a dhéanamh leis na soláthraithe seirbhíse.

- Déileáladh le 33 fiosrúchán ón mBinse Achomhairc do Dhídeanaithe faoi alt 16(6) agus 16(7) d'Acht na nDídeanaithe, 1996. Ar uairibh, b'éard a bhí i gceist leis na fiosrúcháin seo breis teagmhála a dhéanamh le hiarratasóirí chun an fhaisnéis a lorgaíodh a sholáthar.

- Lean ár nAonad Anailíse Dlí le tús áite a thabhairt do mheasúnú a dhéanamh ar bhreithiúnas na nUaschúirteanna agus ina leith seo, i rith 2015, coimeádadh bunachar sonraí de bhreithiúnais ábhartha de chuid chúirteanna na hÉireann agus na RA maidir le hábhair thearmainn. Ina theannta sin, rinneamar breithiúnais ábhartha Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CJEU) agus na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine a chur i dtaifead i dtaca le saincheisteanna cosanta.

- Lean an ORAC le príomhthús aite a thabhairt don líon athbhreithnithe breithiúnacha a laghdú a raibh á dtaisceadh i gcoinne ár moltaí trí fheabhas a chur ar phróisis oiliúna agus cháilíochta, mar shampla. In 2015, fuair an ORAC 11 athbhreithniú bhreithiúnacha nua, i gcomparáid le 23 cás nua a fuarthas in 2014. Anuas air sin, tháinig laghdú suntasach ar an

líon agóidí dlíthiúla a bhí ar láimh san ORAC a laghdaigh anuas ó 95 cás leanúnach in 2014 go dtí 16 chás leanúnach ag deireadh 2015. Faoi mar ar tugadh cuntas air roimhe seo, lean an ORAC le hathbhreithniú a dhéanamh ar a nósanna imeachta inmheánacha agus aird ar fhorbairtí a tháinig ar chásdlí d'fhonn agóidí féideartha dlíthiúla a íoslaghdú.

- Sa chás go sainaithníonn iarratas ar athbhreithniú breithiúnach earráid nó easnamh i nósanna imeachta reatha an ORAC, ar mhaithe le cothroime agus le héifeachtúlacht, is gnách go lorgóidh an ORAC an agóid a réiteach a luaithe is féidir chun na costais as a n-íocfaidh an cáiníocóir a íoslaghdú[6]. Sa chás nach measann an ORAC go nochtann na forais in athbhreithniú breithiúnach aon earráid nó easnamh ar a bpáirt, cuireann siad in aghaidh an iarratais d'fhonn iomláine an phróisis tearmainn a chosaint.

- B'ionann caiteachas an ORAC faoi fhotheideal na gcostas dlí in 2015 agus €201,359.26.

Nós Imeachta Oscailte agus Cothrom

- Soláthraíodh faisnéis chuimsitheach scríofa d'iarratasóirí i réimse teangacha ionas go raibh siad curtha ar an eolas faoina gcuid ceart, teidlíochtaí agus dualgas faoi na próisis tearmainn agus chosanta coimhdí agus faoi Rialachán Bhaile Átha Cliath III an AE. Déantar athbhreithniú agus nuashonrú leanúnach orthu seo, faoi mar a theastaíonn.

- Faoi Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Cosaint Choimhdeach) (Leasú), 2015 a síníodh an 16 Aibreán 2015, ceadaíodh d'iarratasóirí iarratas a dhéanamh ar chosaint choimhdeach ag an tráth céanna le hiarratas ar stádas dídeanaí nó ag aon tráth i ndiaidh agus sula ndeonaítear stádas dídeanaí do dhuine.

- Lean an ORAC, trína ábhar faisnéise, le hiarratasóirí a spreagadh chun comhairle dlí a lorg sula gcomhlánaíonn siad an ceistneoir ábhartha ar thearmann nó an t-iarratas ar chosaint choimhdeach agus sholáthair siad faisnéis dóibh chun cabhrú leo maidir leis seo. Chomh maith leis sin, leag an ORAC béim ar an tábhacht d'iarratasóirí a bhaineann leis na cáipéisí féideartha go léir a chur ar fáil mar thaca lena n-éileamh sular cuireadh a n-agallamh substainteach ar siúl.

- Lean an ORAC ag oibriú le hionadaithe dlí iarratasóirí, chomh maith, i rith an phróisis imscrúdaithe, lena n-áirítear maidir le 'Ráitis Éilimh' a cuireadh ar aghaidh. De ghnáth, cuirtear na ráitis seo, ina leagtar amach éileamh an iarratasóra go gonta, ar aghaidh chuig an ORAC lena mbreithniú roimh an agallamh tearmainn nó roimh an agallamh cosanta coimhdí.

- Ina theannta sin, leanamar le riachtanais speisialta iarratasóirí leochaileacha a aithint, ar nós daoine mionaoiseacha gan tionlacan agus dhéileálamar leis na hiarratasóirí seo ar bhealach gairmiúil agus íogair. Chuige sin, d'fhonn lámh chúnta a thabhairt d'oibrithe cásanna leithleacha agus do chomhaltaí dár bPainéal um Próiseála Cásanna, leanamar le

[6] Is gnách go n-eascraíonn réitigh mar gheall go lorgaíonn an ORAC chun athbhreithniú breithiúnach a réiteach ag céim luath chun cosc a chur ar chostais níos airde eascairt mar gheall ar imeachtaí fadálacha sínte. Féadfaidh seo a chur ar chumas an cás a chur chun cinn chuig an mBinse Achomhairc do Dhídeanaithe gan mhoill neamhriachtanach. D'fhéadfadh sé eascairt, chomh maith leis sin, mar gheall nach n-éiríonn leis an ORAC i gcás Athbhreithnithe Bhreithiúnaigh ar leith, a lorgaímid a réiteach, ar bhonn measúnú riosca, a shamhail de chásanna eile chun imeachtaí fadálacha sínte a sheachaint cé nach cinnte in aon chor nach n-éireodh leis an ORAC dá leanfaí ar aghaidh leis an gcás chun éisteachta. Ar deireadh, tugaimid faoi phróiseas de Réamh-Athbhreithnithe Breithiúnacha a spreagadh ina dtabharfadh comhairleoirí dlí saincheisteanna féideartha lenár gcinntí chun airde sula n-eisítear an t-imeacht dlíthiúil. Sheachnódh seo costas imeachtaí, réiteach etc.

nósanna imeachta a bheith i bhfeidhm chun cúinsí sonracha iarratasóirí leochaileacha a chur i gcuntas. Úsáideadh dea-chleachtas idirnáisiúnta agus na nósanna imeachta seo á bhforbairt.

- Leanamar lenár ndícheall a dhéanamh a chinntiú go raibh ár n-oibrithe cásanna leithleacha, ár gcomhaltaí den Phainéal um Próiseála Cásanna agus ateangaire (má theastaigh siad) den inscne céanna leis an iarratasóir, sa chás gur thug iarratasóir saincheisteanna a bhaineann le cúrsaí inscne chun solais ina n-iarratas tosaigh nó ina dhiaidh sin.

- I gcaitheamh 2015, lean an ORAC le seirbhís ardchaighdeáin ateangaireachta agus aistriúcháin a úsáid d'iarratasóirí nuair a theastaigh sé chun tacú le próiseas cothrom cosanta. Anuas air sin, leanamar le fíorú neamhspleách a dhéanamh ar chruinneas céatadán de na cáipéisí a aistríodh ar bhonn leanúnach.

- Cuireadh cruinnithe ar siúl leis an soláthraí seirbhíse ateangaireachta ag roinnt tráthanna sa bhliain chun plé a dhéanamh ar ábhair chomhspéise agus lena chinntiú go raibh na caighdeáin is airde á mbaint amach.

- Cuireadh seisiúin oiliúna ar bun maidir le hateangaireacht a sholáthar i gcomhthéacs na n-agallamh tearmainn agus cosanta coimhdí do thart ar 70 ateangaire in 2015, i gcomhar leis an UNHCR.

- I gcomhthéacs na faisnéise faoi thír thionscnaimh, ar gné lárnach í den phróiseas cosanta, choimeád an ORAC teagmháil leanúnach leis an Ionad Cáipéisíochta um Dhídeanaithe (an RDC) a sholáthraíonn cóipeanna leictreonacha agus crua d'acmhainní ar mhaithe le cuspóirí taighde. Cuireann áis ríomhleabharlainne an RDC, ar féidir leis an ORAC rochtain dhíreach a fháil uirthi, ar chumas na foirne úsáid éifeachtúil a bhaint as bunachair shonraí FTT a aithnítear go hidirnáisiúnta, ar nós bhunachar sonraí Refworld Rannóg Cosanta Faisnéise an UNHCR (www.refworld.org) agus bhunachar sonraí an Líonra Faisnéise Eorpaigh faoi Thír Thionscnaimh (www.ecoi.net), mar aon le réimse acmhainní eile FTT ar mhaithe le cuspóirí ár gcuid oibre maidir le stádas dídeanaí, cosaint choimhdeach agus athaontú teaghlaigh.

Sprioc Ardleibhéil 3

A chinntiú go ndéileáiltear le hiarratais ar thearmann agus ar athaontú teaghlaigh ar bhealach atá oscailte, cothrom agus neamhchlaonta agus go gcaomhnaítear iomláine an phróisis.

Cuspóirí Ráiteas Straitéise 2013-2015[7]

- *Na hiarratasóirí sin a aithint a thapúla agus is féidir, ar bhealach éifeachtúil agus cothrom, a thagann faoi chuimsiú an tsainmhínithe ar dhídeanaí a shonraítear in Alt 2 d'Acht na nDídeanaithe, 1996.*
- *Mí-úsáid a bhaint as an bpróiseas tearmainn a bhrath agus a íoslaghdú.*
- *Ionadaíocht a dhéanamh don Choimisinéir ag éisteacht achomhairc ag an mBinse Achomhairc do Dhídeanaithe.*
- *Ár mbeartais agus nósanna imeachta féin a fhorbairt d'fhonn iomláine an phróisis tearmainn a chaomhnú.*

Alt 2 d'Acht na gCuideachtaí, 1996

- Ba é príomhfheidhm reachtúil an ORAC le linn na bliana fós iarratasóirí a thagann faoi chuimsiú an tsainmhínithe ar dhídeanaí atá in alt 2 d'Acht na nDídeanaithe, 1996, a aithint ar bhealach tráthúil agus cothrom. Bhain an tosaíocht seo le hiarratasóirí ar chosaint choimhdeach, chomh maith, faoi Rialacháin an Aontais Eorpach (Cosaint Choimhdeach), 2013. Sonraítear líon na n-iarratas a rinneadh ar stádas dídeanaí agus líon na moltaí a rinneadh i míreanna eile sa tuarascáil seo.

- Maidir le stádas dídeanaí, ba ghnách gur tugadh iarratais a scrúdaíodh faoi Threoir um Beartú Tosaíochta an Aire chun críche laistigh de mheántréimhse phróiseála 10.8 seachtain i ndiaidh dháta an iarratais. Próiseáladh na cásanna eile laistigh de mheántréimhse phróiseála 29 seachtain.

- I gcomhréir le hAcht na nDídeanaithe, 1996, lean an ORAC le tús áite a thabhairt d'iarratais ó dhaoine a bhí faoi choinneáil a phróiseáil. Thit an réamhagallamh amach sna cásanna seo, laistigh de 3 lá oibre ó dháta a n-iarratais i ngach cás b'fhéidir.

- Lean an ORAC le húsáid a bhaint as faisnéis ghinearálta faoi Thír Thionscnaimh trí Ríomhleabharlann an RDC, a sholáthraíonn pointe rochtana aonair ar bhunachar sonraí FTT an EASO agus an UNHCR. Sa mhullach air sin, choimeád an ORAC Bunachar Sonraí Eolais Roinnte d'Oibrithe Cásanna Leithleacha, ina stóráiltear freagairtí an RDC ar iarratais aonair ag foireann an ORAC nuair a bhíonn scrúdú á dhéanamh ar éilimh iarratasóirí, a n-eagraítear iad go mbeidh siad furasta lena n-aimsiú.

[7] Baineann na tosaíochtaí agus na dualgais seo chomh maith leis an bpróiseas cosanta coimhdí.

Mí-Úsáid a Bhrath agus a Íoslaghdú

- Leanadh le tús áite a thabhairt d'obair a bhí dírithe ar iomláine an phróisis chosanta a chosaint. Dhéileálamar le réimse fairsing fiosrúcháin imscrúdaithe. Ina theannta sin, rinneamar idirchaidreamh le Seirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann, Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Inimirce, Biúró Teicniúil an Gharda Síochána, an tAonad um Gháinneáil ar Dhaoine a Chosc de chuid na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais mar aon le Ranna Rialtais agus Stáit eile den AE, go háirithe an Ríocht Aontaithe.

- Lena chois sin, ar mhaithe le hiomláine an phróisis tearmainn a chinntiú, tugadh faoi roinnt tionscnaimh eile, lena n-áirítear oiliúint shonrach d'oibrithe cásanna leithleacha, malartú faisnéise ar aon dul leis an reachtaíocht le comhlachtaí poiblí agus le Stáit eile den AE agus úsáid a bhaint as córais teicneolaíocht faisnéise ar nós EURODAC, AFIS agus AVATS.

- Ceanglaíonn an dlí ar iarratasóirí faoi Acht na nDídeanaithe, 1996 chun comhoibriú leis an bpróiseas tearmainn. Sa chás go dteipeann ar an gcomhoibriú sin (e.g. ní fhreastalaíonn iarratasóirí ar agallamh ar an dáta ceaptha gan aon chúis réasúnta a chur in iúl; gan an seoladh a chur in iúl don Choimisinéir nó gan faisnéis a bhaineann lena n-iarratas a chur ar fáil), measadh go raibh a gcásanna aistarraingthe. Measadh go raibh 319 iarratas aistarraingthe in 2015.

- Lean an ORAC ar aghaidh ag déanamh teagmhála le Biúró Teicniúil an Gharda Síochána (GTB) maidir le cáipéisí aitheantais nuair a tháinig buarthaí agus amhras aníos i dtaca le húdaracht na gcáipéisí sin, go háirithe ar iarratas an Bhinse Achomhairc do Dhídeanaithe.

- Inár bpróisis go léir, leanamar le bheith airdeallach i gcónaí maidir nuair a bhí iarracht á déanamh againn iarratasóirí a aimsiú a d'fhéadfadh bheith thíos le gáinneáil ar dhaoine agus nuair a theastaigh, chuamar i dteagmháil le hAonad um Gháinneáil ar Dhaoine a Chosc de chuid na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais mar aon le Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána Sheirbhísí Cosanta.

- Lean an ORAC le Rialachán Bhaile Átha Cliath III an AE (Rialachán (AE) Uimh. 604/2013), agus Rialachán Méarloirgeachta EURODAC (Rialachán (AE) Uimh. 603/2013) a chur i bhfeidhm. Tháinig Rialachán Méarlorgaireachta EURODAC i bhfeidhm in Iúil 2015. (Féach chomh maith Cuid 2: Príomhfhorbairtí in 2015).

- Leanadh le córas TF AVATS a chur ar fáil don ORAC chun cabhrú le hiarratasóirí a shainaithint a rinne iarratas ar víosa chun ligean dóibh taisteal chuig an Stát, ach ar theip orthu an fhaisnéis seo a sholáthar ina dhiaidh sin nuair a rinne siad iarratas ar dhearbhú stádas dídeanaí.

Ionadaíocht a dhéanamh don Choimisinéir ag éisteacht achomhairc ag an mBinse Achomhairc do Dhídeanaithe

- Rinneadh Oifigigh Thíolactha agus comhaltaí de Phainéal um Próiseála Cásanna an ORAC le hionadaíocht a dhéanamh don Choimisinéir ag éisteachtaí achomhairc os comhair an Bhinse Achomhairc do Dhídeanaithe (RAT) i rith na bliana. In 2015, rinneadh

725 éisteacht de chuid an RAT a chur ar bun, ar méadú de bhreis ar 211% é seo ar an líon éiseachtaí achomhairc ar ar freastalaíodh in 2014.

- Cuireadh an oiliúint iomlán ar an uile Oifigeach Tíolactha agus comhalta den Phainéal um Próiseála Cásanna i nósanna imeachta um chinneadh a dhéanamh faoi stádas dídeanaí, cosaint choimhdeach agus nósanna imeachta Rialachán Bhaile Átha Cliath an AE, agus cuireadh sainoiliúint agus oiliúint ar oibrithe cásanna leithleacha ar an bhfeidhm thíolactha sular sannadh cásanna dóibh os comhair an Bhinse.

- Fuair an ORAC 33 fiosrúchán ón mBinse Achomhairc do Dhídeanaithe faoi alt 16(6) agus 16(7) d'Acht na nDídeanaithe, 1996 i rith 2015, agus tugadh gach ceann díobh chun críche laistigh den amfhráma riachtanach.

Beartais agus nósanna imeachta d'fhonn iomláine an chórais tearmainn a chaomhnú

- I gcaitheamh 2015, lean an ORAC lena phríomhthreoir nós imeachta maidir leis na próisis um chinneadh a dhéanamh faoi stádas dídeanaí agus cosaint choimhdeach a nuashonrú. Chuir seo ar chumas fhoireann uile an ORAC, comhaltaí den Phainéal um Próiseála Cásanna san áireamh, chun rochtain gan stró bheith acu ar aon cháipéisíocht nós imeachta maidir lena limistéar feidhme. Go háirithe, le cúnamh ón UNHCR, rinne an ORAC athbhreithniú agus nuashonrú ar theimpléad na tuarascála chun cinneadh a dhéanamh faoi stádas dídeanaí, anuas ar an ábhar ábhartha treorach.

- Lena chinntiú gur tugadh faoi na próisis um chinneadh a dhéanamh faoi stádas dídeanaí agus cosaint choimhdeach araon i leith na gcaighdeán is airde ar aon dul lenár ndualgais dhlíthiúla, bhain an ORAC an úsáid uasta as ár gcórais dearbhaithe cáilíochta chun tacú lenár bpróisis.

- Lean an ORAC ag oibriú leis an Oifig Eorpach Tacaíochta Tearmainn i bhforbairt Churaclam comónta Oiliúna an EASO agus i dtionscnaimh i limistéar na cosanta idirnáisiúnta, ina measc dearbhú cáilíochta.

Sprioc Ardleibhéil 4

Seirbhís shármhaith do chustaiméirí a choimeád.

Cuspóirí Ráiteas Straitéise 2013-2015

- *Seirbhís ardchaighdeáin do chustaiméirí a sholáthar.*
- *Faisnéis shoiléir a chur ar fáil do chustaiméirí maidir leis an bpróiseas tearmainn.*
- *Nós imeachta cuimsitheach agus éifeachtach a chur ar fáil.*

Seirbhís ardchaighdeáin do chustaiméirí

- Lean an eagraíocht ag díriú ar sheirbhís éifeachtúil, éifeachtach agus ghairmiúil a sholáthar dár gcustaiméirí go léir i rith 2015 i gcomhthéacs méadú mór a bheith tagtha ar an gcomhfhreagras a fuarthas.

- Ar aon dul leis na ceangaltais ar tugadh cuntas orthu inár gCairt do Chustaiméirí agus inár bPlean Gníomhaíochta um Sheirbhísí do Chustaiméirí 2013-2015, lean an tIonad Seirbhísí Corparáideacha agus do Chustaiméirí le monatóireacht a dhéanamh ar amanna freagartha le haghaidh comhfhreagrais.

- Eisíodh trí bhullaitín foirne in 2015. Chinntigh na bullaitíní seo gur cuireadh an fhoireann ar an eolas ar aon fhorbairtí nua a tháinig ar limistéir a bhain le hobair na heagraíochta.

- Chas an Painéal Idirchaidrimh um Sheirbhís do Chustaiméirí ar a chéile in 2015. Soláthraíonn cruinnithe an Phainéil deis chun faisnéis a mhalartú idir príomh-Eagraíochtaí Neamhrialtasacha a oibríonn le hiarrthóirí tearmainn. Sa mhullach air sin, choimeád an ORAC teagmháil leanúnach i rith na bliana le comhaltaí den Phainéal Idirchaidrimh maidir le saincheisteanna a tháinig faoi chuimsiú shainordú ár n-oifige.

- Amhail blianta roimhe seo, rinne an eagraíocht idirchaidreamh le príomhpháirtithe leasmhara eile maidir leis an bpróiseas cosanta a oibriú, ina measc an tSeirbhís Dlí do Dhídeanaithe, TÚSLA – an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach agus Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Inimirce ina measc.

- Dhéileáil an tIonad um Sheirbhís Chorparáideach agus Sheirbhís do Chustaiméirí le 20,607 idirbheart comhfhreagrais le linn na bliana. Ina measc, bhí:

    - 10,542 litir agus facs
    - 2,446 fiosrúchán gutháin,
    - 7,188 fiosrúchán ríomhphoist agus
    - 431 fiosrúchán corparáideach

- B'ionann seo agus méadú foriomlán 26% ar idirbhearta comhfhreagrais in 2014. In ainneoin an mhéadaithe a tháinig ar idirbhearta comhfhreagrais i rith, aithníodh comhfhreagras, den chuid ba mhó, laistigh de 5 lá oibre tar éis é a fháil agus eisíodh freagairt iomlán laistigh de 20 lá oibre.

- Cuireadh tús le hobair ar Phlean Gníomhaíochta nua um Sheirbhís do Chustaiméirí a chuimseoidh an tréimhse 2016-2018 nó go dtí an tráth sin a chuirfear tús leis an Acht um Chosaint Idirnáisiúnta, 2015.

Faisnéis shoiléir do chustaiméirí

- Lean an tIonad Seirbhísí do Chustaiméirí le seirbhís um fhreagairt guthán a chur ar fáil ón Luan go hAoine gach seachtain idir 09.15 agus 17.30.

- Tugtar breac-chuntas ar chineál ábhar na faisnéise cuimsithí a chuirtear ar fáil d'iarratasóirí ar an bpróiseas cosanta i mír eile sa tuarascáil seo.

Nós Imeachta um Ghearáin ó Chustaiméirí

- Tugtar breac-chuntas ar nós imeachta um ghearáin ó chustaiméirí an ORAC ina gCairt Chustaiméirí agus ina bPlean Gníomhaíochta Seirbhísí do Chustaiméirí agus leantar le hathbhreithniú leanúnach a dhéanamh air lena chinntiú go bhfeidhmíonn sé ar bhealach éifeachtach.

Sprioc Ardleibhéil 5

Bainistíocht éifeachtúil agus éifeachtach a dhéanamh ar ár n-eagraíocht agus ar a n-acmhainní ar aon dul le dea-chleachtas agus acmhainní leithdháilte á gcur san áireamh agus aird á tabhairt ar fhorbairt ár bhfoirne.

Cuspóirí Ráiteas Straitéise 2013-2015

- *A chinntiú go dtacaíonn ár gcreataí pleanála straitéisí gnó agus pleanála feidhmíochta aonair le feidhmíocht bharrmhaith na heagraíochta.*
- *Acmhainní daonna a bhainistiú le freastal ar riachtanais ghnó na heagraíochta agus ar riachtanais forbartha na foirne.*
- *Úsáid bharrmhaith a bhaint as réitigh TFC le tacú le riachtanais ghnó na heagraíochta.*
- *Acmhainní airgeadais a bhainistiú maidir le hAthchóiriú na Seirbhíse Poiblí ar bhealach atá comhsheasmhach le riachtanais na hOifige.*
- *Seirbhísí agus áiseanna na hOifige a bhainistiú go héifeachtach.*
- *Tiomantas tréan a fhorbairt i leith bealaí nua chun oibriú trí Chomhpháirtíocht.*
- *Tacaíocht ardchaighdeáin chorparáideach a chur ar fáil don ORAC lena bhfeidhmeanna reachtúla agus neamhreachtúla a dhíscaoileadh agus freisin le monatóireacht éifeachtach a dhéanamh ar chumarsáid na hOifige, go hinmheánach agus go seachtrach araon.*

Pleanáil Gnó

- Príomhghné dár bpróiseas bainistíochta is ea pleanáil gnó a ndéanann grúpa bainistíochta maoirsiú uirthi ag cruinnithe rialta. Soláthraíonn seo creat don eagraíocht chun measúnú a dhéanamh ar dhul chun a rinneadh ar obair ar bhonn míosúil, ráithiúil agus bliantúil. Cuireann sé ar chumas an ORAC a thosaíochtaí a shainaithint agus a athbhreithniú i gcoinne na n-acmhainní atá ar fáil.

- Chuimsigh Plean Gnó an ORAC don bhliain 2015 béim láidir ar phróiseáil éifeachtúil agus éifeachtach iarratas mar aon le béim a chur ar sheirbhís do chustaiméirí agus ar dhearbhú cáilíochta.

- Cuimsítear i bPlean Gnó gach Aonaid clár riosca a chuireann ar chumas na heagraíochta tabhairt faoi mheasúnú ar rioscaí. Chuathas i mbun aon ghníomh cuí ceartaithe agus aon mhaolú cuí, faoi mar a theastaigh.

Comhaontú Feidhmíochta/Soláthair Seirbhíse.

- Tá Comhaontú Feidhmíochta/Soláthair Seirbhíse ag an ORAC leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais/SEIÉ, agus é mar chuspóir aige caighdeáin feidhmíochta agus aschuir agus a chinntiú agus chun comhdhualgais an dá pháirtí a shoiléiriú lena chumasú gealltanais a sholáthar laistigh dár bhfeidhmeanna reachtúla faoi seach.

Acmhainní Daonna/Oiliúint

- Lean creat a bheith i bhfeidhm ag an ORAC chun na scileanna agus na hinniúlachtaí a sholáthar agus a fhorbairt a theastaíonn le cabhrú leis an bhfoireann chun spriocanna na heagraíochta a bhaint amach agus chun oiliúint a sholáthar d'fhorbairt phearsanta.

- Lean gach comhalta foirne le páirt a ghlacadh sa Chóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (PMDS) i rith 2015. Córas is ea PMDS a chuirtear i bhfeidhm ar fud na seirbhíse, atá in ainm is bheith mar bhealach cothrom agus éifeachtach chun feidhmíocht a thomhais agus a fhorbairt, trí phlé rialta oscailte, iontaofa agus bisiúil idir na bainisteoirí agus an fhoireann. I measc na dtairbhí lena mbaineann PMDS do chomhaltaí foirne, do bhainisteoirí agus don eagraíocht, tá soiléireacht a chur ar fáil ar fheidhmeanna agus ar thosaíochtaí, feidhmíocht a fheabhsú ar chur chuige spricodhírithe agus cur le cur chuige córasach i leith forbairt phearsanta.

- In 2015, lean an ORAC le tosaíocht a dhéanamh de riachtanais na foirne i limistéir na forbartha agus na hoiliúna a bhain go sonrach le poist ar bhealach costéifeachtúil. Cuireadh Plean Bliantúil Oiliúna don bhliain i dtoll a chéile tar éis gur críochnaíodh pleananna foghlama agus forbartha na foirne i Ráithe 1 den chóras PMDS, agus chun tosaíochtaí oiliúna eagraíochtúla a chomhlíonadh. Cuireadh oiliúint shonrach poist agus ghinearálta araon ar an bhfoireann mar ba chuí.

- Áiríodh le hoiliúint shonrach poist oiliúint nua agus athnuachana ar chinneadh a dhéanamh ar iarratais ar stádas dídeanaí agus cosaint choimhdeach agus Rialachán Bhaile Átha Cliath III.

- I measc na samplaí de chúrsaí oiliúna scileanna pearsanta a cuireadh ar fáil, bhí: Oiliúint MS Excel Idirmheánach, Oiliúint Garchabhrach agus Oiliúint Maor Dóiteáin.

- Lean foireann an ORAC le rochtain a bheith acu ar sheirbhísí Sheirbhís Chúnaimh d'Fhostaithe na Státseirbhíse.

- Ar leibhéal idirnáisiúnta, lean an ORAC ag oibriú leis an Oifig Eorpach Tacaíochta Tearmainn i bhforbairt an Churaclaim chomónta Eorpaigh Thearmainn (EAC) agus tionscnaimh dhea-chleachtais sa limistéar um chinneadh a dhéanamh faoi stádas dídeanaí. Leagann Curaclam Oiliúna an EASO agus dea-chleachtas an UNHCR an bonn faoi mhodúil oiliúna cosanta an ORAC.

- I ndiaidh achtú an Acht um Chosaint Idirnáisiúnta, 2015, lean obair ullmhúcháin ar siúl ar fhorbairt clár cuimsitheach oiliúna chun ullmhú do thabhairt isteach nós imeachta aonair.

- Ba bhliain an-dúshlánach 2015 ó pheirspictíocht soláthair foirne agus aird ar an méadú a tháinig ar an líon iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta. Leanadh le hathbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar acmhainní um sholáthar foirne na hOifige ar leibhéal an aonaid agus na heagraíochta araon. I rith 2015, leagadh béim nach beag ar iltascáil foirne in aonaid éagsúla feidhme an ORAC a chinntigh gur lean an eagraíocht ag oibriú ar bhealach éifeachtach i gcoinne cúlra d'easnaimh foirne agus líonta méadaitheacha tearmainn.

- Cuireadh cás mionsonraithe gnó i dtoll a chéile d'fhoireann bhreise do SEIÉ i Lúnasa 2015 chun iarratais mhéadaitheacha ar thearmann a chur i gcuntas.

- Ar mhaithe le héascaíocht tagartha, leagtar amach creatlach eagraíochtúil chothrom le dáta an ORAC in Aguisín 1, dar teideal "Struchtúr um Sholáthar Foireann Bhainistíochta an ORAC".

- Cuireadh síneadh le Painéal um Próiseála Cásanna an ORAC in 2015 chun cabhrú le déileáil le hiarratais ar stádas dídeanaí anuas ar chosaint choimhdeach.

- Tugadh comhalta foirne an ORAC ar iasacht d'Aonad Tuairiscithe agus Anailíse SEIÉ (an RAU) arís eile in 2015. Is é cuspóir RAU SEIÉ chun tacú le SEIÉ (lena n-áirítear an ORAC) go ginearálta maidir le soláthar faisnéise staitistiúla ar mhaithe le cuspóirí bainistíochta, oibríochtúla agus pleanála straitéisí.

- In 2015, lean an ORAC le páirt a ghlacadh i Scéim Náisiúnta JobBridge tríd an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Is í feidhm an chláir seo chun ligean do chéimithe féinfhostaithe taithí fhiúntach oibre a fháil agus cabhrú leis an Roinn agus lena ngníomhaireachtaí chomh maith i gcomhthráth.

Teicneolaíocht Faisnéise agus Staitisticí

- I rith na bliana, lean Rannóg TF na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus Foireann Tacaíochta Gnó an AISIP in SEIÉ ag tacú lenár gcórais faisnéise. Áiríodh leis seo tacaíocht a thabhairt do chóras DubliNET, ar córas cumarsáide é a úsáidtear chun cumarsáid shlán leictreonach a dhéanamh chun cásanna a phróiseáil faoin Rialachán Bhaile Átha Cliath III.

- Cuireadh réiteach nua TF i bhfeidhm in Iúil 2015, i gcomhoibriú le SEIÉ agus an Garda Síochána, lena chinntiú go raibh an ORAC réidh le Rialachán EURODAC (AE) Uimh. 603/2013 a tháinig i bhfeidhm in Iúil 2015, agus a dhéanann breis forbartha ar Rialachán Méarloirgeachta EURODAC.

- Lean an ORAC le húsáid a bhaint as Córas FTT an RDC (ríomhleabharlann). Acmhainn thábhachtach is ea Córas FTT an RDC (ríomhleabharlann) don ORAC chun rochtain a chinntiú ar FTT atá iontaofa agus cothrom le dáta. Tá an ríomhleabharlann ar fáil do chomhlachtaí atá ag déileáil leis an bpróiseas tearmainn agus inimirce. Cuireann an córas áiseanna ar fáil do chothabháil agus do rochtain ar fhaisnéis leictreonach, lena n-áirítear tuarascálacha FTT, Pacáistí um Fhaisnéis ar Thíortha, freagraí ar fhiosrúcháin faoi FTT a tugadh gan ainm a lua, catalóg leabharlainne agus ábhair dhlí. Ina theannta sin, baineann sé faisnéis ó phríomhbhunachair shonraí idirnáisiúnta, go háirithe bunachar sonraí Refworld an UNHCR agus bunachar sonraí um Fhaisnéis ar Thír Thionscnaimh Eorpach,(ecoi.net) lena gcuireann an RDC.

- Ar a bharr sin, chomhoibrigh an ORAC le ceangal rathúil an RDC le Tairseach nua FTT an AE. Tagann saoráid na Tairsí faoi choimirce na hOifige Tacaíochta Eorpaí do Chúrsaí Tearmainn.

Acmhainní Airgeadais

- Lena chinntiú gur chomhlíon an ORAC na Nósanna Imeachta ábhartha um Beartas Airgeadais agus na Treoirlínte um Sholáthar Poiblí agus nár sháraigh an ORAC caiteachas

an buiséad, leanadh le rialuithe ábhartha inmheánacha agus seachtracha airgeadais a chur i bhfeidhm i rith na bliana, ina measc i limistéar na dtáillí a íoctar le comhaltaí dár bPainéal um Próiseála Cásanna.

- Áirítear le hAguisín 7 táirgeacht chaiteachais an ORAC don bhliain 2015.

Seirbhísí Tacaíochta Inmheánaí

- I rith 2015, lean feidhm chóipchirt/chlárlainne an Aonaid Riaracháin agus Socruithe le seirbhís lárnach tacaíochta a chur ar fáil don Oifig. Cuireadh i gcrích 18,381 aistriú comhaid agus idirbheart eile le linn na bliana, lena n-áirítear comhaid a chóipeáil agus cúnamh na deisce cabhraí. B'ionann seo agus méadú 17% ar na 17,391 aistriú comhaid agus idirbheart eile a tharla in 2014 agus is é an t-údar príomha atá leis seo ná an méadú suntasach atá tagtha ar an líon comhad a theastaigh a chóipeáil agus a aistríodh mar thoradh ar an méadú 126% a tháinig ar iarratais ar thearmann. Leanadh le hathbhreithniú agus cuíchóiriú a dhéanamh ar chleachtais oibre chun comhaid cháis a chruthú, a chóipeáil, a chur i dtoll a chéile agus a aistriú i gcomhar le haonaid eile san ORAC, ag féachaint le héifeachtúlacht uasta a bhaint amach in úsáid na foirne agus na n-acmhainní (Féach Aguisín 6, chomh maith).

Comhpháirtíocht

- Chas Coiste Comhpháirtíochta an ORAC 5 huaire i rith 2015. Sholáthair na cruinnithe seo an deis don fhoireann, an bhainistíocht agus d'ionadaithe ceardchumainn plé a dhéanamh ar cheisteanna, ar nós pleanáil chorparáideach, feasacht ar fhuinneamh agus saincheisteanna eagraíochtúla eile.

- Thiomsaigh Coiste Tiomsaithe Pobail Áitiúil an ORAC €610 ar an iomlán in 2015 mar thaca le Caifé Crosscare, a bhfuil áitreabh acu ar Rae Holles, trí roinnt tionscnaimh thiomsaithe airgid.

Forbairtí Corparáideacha, Saoráil Faisnéise san áireamh

- Soláthraítear sa tuarascáil seo tríú nuashonrú an ORAC ar na Spriocanna Ardleibhéil a chur i bhfeidhm inár Ráiteas Straitéise 2013-2015.

- Lean ORAC le hardtosaíocht a thabhairt d'ábhair shláinte agus shábháilteachta in 2015. Leanann Ráiteas Sláinte agus Sábháilteachta lena chur ar chumas na hOifige a bhfreagrachtaí a chomhlíonadh i leith na foirne agus custaiméirí faoin reachtaíocht sláinte agus sábháilteachta. Is éard atá i gceist ná líon tionscnaimh leanúnacha a áiríonn an méid a leanas:

  - Ceapadh agus oiliúint foirne amhail Maoir Dhóiteáin agus oiliúint a chur ar an bhfoireann i nGarchabhair agus chun Dífhibrileoirí Cairdiacha a úsáid.
  - Feasacht foirne ar cheisteanna shláinte agus shábháilteachta.
  - Athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar nósanna imeachta sláinte agus sábháilteachta na hoifige chun sábháilteacht bharrmhaith a chinntiú d'fhoireann agus do chustaiméirí an ORAC.

- Ionadaíocht a dhéanamh don ORAC ar Choiste Sláinte agus Sábháilteachta SEIÉ.
- Cleachtaidh Dhóiteáin críochnaithe i gcomhréir leis na rialacháin sábháilteachta.
- Seiceáladh an trealamh comhraicthe dóiteáin agus rinneadh cothabháil air ar conradh.
- Seiceáladh Soilsiú/Siúláin Éigeandála gach seachtain.

- Faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014, rinneadh Saoráil Faisnéise a shíneadh chun réimse comhlachtaí poiblí a chuimsiú. Cé gur tháinig an ORAC faoi Act 2014 le héifeacht ón 14 Aibreán 2015, níl ach na taifid siúd a cruthaíodh an 14 Deireadh Fómhair 2014, nó ina dhiaidh sin, faoi réir saoráil faisnéise. Tagann gach taifead a bhaineann le faisnéis phearsanta atá á coimeád ag an ORAC, gan aird ar cathain a cruthaíodh iad, faoi chuimsiú scóip Acht 2014, faoi réir roinnt eisceachtaí, áfach. Fuarthas agus déileáladh le 15 iarratas um shaoráil faisnéise i rith na bliana.

- Cuireadh tús ar Ráiteas Straitéise nua an ORAC a ullmhú chun an tréimhse 2016-2018 a chumhdach. Tá sé le foilsiú go luath in 2016.

Feasacht ar Fhuinneamh

- Lean an ORAC lena bPlean eagraíochtúil Fuinnimh a chur i bhfeidhm le linn 2015. Is é cuspóir an Phlean chun na hiarrachtaí a uasmhéadú chun cabhrú le húsáid fuinnimh a laghdú, agus an téamh agus an soilsiú leordhóthanach a bheith ann i gcomhthráth, mar aon le timpeallacht inghlactha oibre.

- Féadtar teacht ar mhiondealú níos sonraí ar ár n-úsáid fuinnimh agus ar ár dtionscnaimh choigilte fuinnimh in Aguisín 8.

Cuid 4

Aguisíní

Aguisín 1

Struchtúr um Sholáthar Foireann Bhainistíochta an ORAC

Aguisín 1

Struchtúr um Sholáthar Foireann Bhainistíochta an ORAC

<table>
<tr><td colspan="4">Coimisinéir</td></tr>
<tr><td colspan="4">Príomhoifigeach*</td></tr>
<tr><td colspan="4">Príomhoifigeach Cúnta</td></tr>
<tr><td colspan="4">An tIonad um Sheirbhís Chorparáideach agus Seirbhís do Chustaiméirí**

An tAonad um Athbhreithniú Breithiúnach agus Imscrúduithe**

An tAonad Tuairiscithe agus Anailíse (gnéithe ORAC)**

An tAonad um Thacaíocht Foirne agus Oiliúint agus um Shaoráil Faisnéise, Faisnéis faoi Thír Thionscnaimh/Taighde agus Anailís Dhlíthiúil**</td></tr>
<tr><td colspan="4">Príomhoifigeach</td></tr>
<tr><td>Príomhoifigeach Cúnta</td><td>Príomhoifigeach Cúnta</td><td>Príomhoifigeach Cúnta</td><td>Príomhoifigeach Cúnta</td></tr>
<tr><td>An tAonad um Próiseáil Cásanna Tearmainn

An tAonad um Riarachán, Socruithe agus Tíolacadh</td><td>Aonad Bhaile Átha Cliath

An tAonad Fáiltithe</td><td>An tAonad um Nósanna Imeachta, Oiliúint agus Forbairt Eagraíochta

An tAonad um Pleanáil Nós Imeachta Aonair

An tAonad um Chosaint Choimhdeach</td><td>An tAonad um Athlonnú

An tAonad um Athaontú Teaghlaigh</td></tr>
</table>

** Folúntas amháin do Phríomhoifigeach.*
***Tuairiscíonn na hAonaid seo go díreach don Choimisinéir.*

Aguisín 2

Forbhreathnú ar Aonaid an ORAC

Aguisín 2 – Forbhreathnú ar Aonaid an ORAC

1. An tAonad um Riarachán, Socruithe agus Tíolacadh

Riarachán agus Socruithe

Is iad seo a leanas feidhmeanna an Aonaid:

- sceidealú agallamh a shocrú d'iarratasóirí ar chosaint.
- socruithe a dhéanamh do sheirbhísí ateangaireachta agus aistriúcháin.
- an limistéar feithimh agallaimh a bhainistiú.
- fógraí faoi mholtaí a eisiúint d'iarratasóirí ar thearmann agus do na páirtithe ábhartha tar éis imscrúdú a dhéanamh ar iarratais ar thearmann.
- cásanna a measadh a bheith tarraingthe siar a phróiseáil.
- tacaíocht riaracháin a thabhairt don Aonad um Próiseáil Cásanna.
- comhfhreagras a bhaineann leis an Aonad um Próiseáil Cásanna a phróiseáil.
- aistriú comhad agus cóipeáil comhad a bhainistiú san ORAC.

An tAonad um Thíolacadh

Is é ról an Aonaid um Thíolacadh ná ionadaíocht a dhéanamh don Choimisinéir Iarratais do Dhídeanaithe ag éisteachtaí achomhairc os comhair an Bhinse Achomhairc do Dhídeanaithe maidir le cásanna a bhaineann le stádas dídeanaí agus le cosaint choimhdeach agus faoi Rialachán Bhaile Átha Cliath III, freagra a thabhairt ag éisteachtaí achomhairc ar na saincheisteanna a ardaítear le linn achomharc an achomharcóra agus cúnamh a thabhairt don Chomhalta den Bhinse cinneadh ceart agus cóir a dhéanamh. Cuireann an tAonad freagraí reachtúla ar fáil faoi alt 16(6) agus faoi alt 16(7) d'Acht na nDídeanaithe, 1996, agus de réir na bhforálacha ábhartha i Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Cosaint Choimhdeach), 2013.

2. An tAonad um Próiseáil Cásanna Tearmainn

Is é bunchuspóir an Aonaid um Próiseáil Cásanna Tearmainn ná imscrúdú cóir, tráthúil agus éifeachtúil a dhéanamh ar iarratais ar dhearbhú stádas dídeanaí agus moltaí atá láidir ó thaobh dlí de a dhéanamh i leith na n-iarratas siúd. Áirítear leis an imscrúdú sin iarratasóirí a chur faoi agallamh duine le duine, taighde neodrach a dhéanamh ar na héilimh arna ndéanamh agus moltaí a dhéanamh maidir le cibé acu ar cheart stádas dídeanaí a 'dheonú' nó a 'dhiúltú' d'iarratasóir. Tá ceann an aonaid freagrach freisin as próiseas dearbhaithe cáilíochta an ORAC a stiúradh i ndáil le moltaí i gcomhair tearmainn.

3. An tIonad um Sheirbhís Chorparáideach agus Sheirbhís do Chustaiméirí

Is é ról na hOifige um Sheirbhís Chorparáideach ná maoirseacht a dhéanamh ar thacaíocht riaracháin agus rúnaíochta ar ardchaighdeán a thabhairt don Choimisinéir Iarratais do Dhídeanaithe agus dá lucht Ardbhainisteoirí chun cur ar a gcumas a ndualgais reachtúla agus neamhreachtúla a chomhlíonadh. Comhordaíonn an oifig freagraí ábhar ma fhreagairt ar iarratais ó chodanna eile de Sheirbhís Eadóirseachta agus Imirce na hÉireann (SEIÉ), ó Ranna/gníomhaireachtaí Rialtais agus ó na meáin, i measc comhlachtaí eile, agus ullmhaíonn siad na cáipéisí corparáideach uile agus tá siad freagrach as iad a scaipeadh. Tá an tIonad um Sheirbhís do Chustaiméirí freagrach as forbairt agus as monatóireacht a dhéanamh ar struchtúir sheirbhíse do chustaiméirí, as fiosruithe seirbhíse do chustaiméirí a bhainistiú agus as dul i dteagmháil le heagraíochtaí eile (rialtasacha agus neamhrialtasacha).

4. Aonad Bhaile Átha Cliath

Pléann an tAonad seo le Rialachán Bhaile Átha Cliath III a chur chun feidhme. Tá sé freagrach as a chinneadh cé acu ba cheart nó nár cheart iarratais ar thearmann a aistriú chuig Ballstáit eile lena

n-imscrúdú Déileálann sé, chomh maith, le hiarrataí ó Bhallstáit eile iarratais ar thearmann a aistriú chuig an Stát seo.

5. An tAonad um Athaontú Teaghlaigh

Déanann an tAonad um Athaontú Teaghlaigh scrúdú ar iarratais arna ndéanamh ag dídeanaithe ar chead a fháil do dhaoine áirithe dá dteaghlach an Stát a iontráil agus cónaí ann agus soláthraíonn siad tuairiscí don Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais i leith na n-imscrúduithe seo

6. An tAonad um Athbhreithniú Breithiúnach agus Imscrúduithe

Réitíonn an tAonad um Athbhreithniú Breithiúnach freagra ORAC ar agóidí dlíthiúla i gcoinne mholtaí an ORAC (moltaí faoi thearmann agus cosaint choimhdeach sa chéad ásc), mar aon le hagóidí faoi Rialachán Bhaile Átha Cliath III an AE. Áirítear leis seo achomhairc a dhéantar leis an gCúirt Uachtarach agus cásanna a atreoraítear chuig Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CJEU). Soláthraíonn rannóg imscrúdaithe an Aonaid cúnamh imscrúdaithe d'Aonaid eile san ORAC agus gníomhaíonn sé mar phointe teagmhála do chomhlachtaí eile, ar nós SEIÉ agus an GNIB.

7. An tAonad um Nósanna Imeachta, Oiliúint agus Forbairt Eagraíochta

Gníomhaíonn an tAonad mar láracmhainn eolais don eagraíocht agus déanann sé stiúradh beartas agus nósanna imeachta an ORAC a fhorbairt agus a athbhreithniú go leanúnach maidir le bainistíocht agus imscrúdú a dhéanamh ar iarratais ar thearmann agus ar chosaint choimhdeach. Chomh maith leis sin, déanann an tAonad oiliúint chuí a chomhordú agus a chur ar fáil don fhoireann maidir leis an bpróiseas um stádas dídeanaí agus cosaint choimhdeach a chinneadh.

8. An tAonad Fáiltithe

Pléann an tAonad Fáilte le hiarratais ar thearmann a ghlacadh agus a phróiseáil nuair a fhaightear iad den chéad uair san ORAC. Is é atá i gceist leis sin ná iarratasóirí a chur faoi agallamh, méarloirg a ghlacadh agus iad a sheoladh chuig bunachar sonraí méarlorgaireachta EURODAC, grianghraif a ghlacadh d'iarratasóirí agus Deimhnithe Cónaithe Sealadacha a eisiúint d'iarratasóirí. Déanann an tAonad próiseáil freisin ar chéim thosaigh na n-iarratas ar chosaint choimhdeach.

9. An tAonad um Thuairisciú agus Anailís

Tá an tAonad um Thuairisciú agus Anailís (RAU) freagrach as faisnéis staitistiúil agus bhainistíochta a chur ar fáil agus as tuarascálacha tréimhsiúla staitistiúla a chur i dtoll a chéile agus a scaipeadh. Is cuid den Aonad um Thuairisciú agus Anailís (RAU) in SEIÉ é an tAonad um Thuairisciú agus Anailís san ORAC.

10. An tAonad um Pleanáil Nós Imeachta Aonair

Tá freagracht ar an Aonad um Pleanáil Nós Imeachta Aonair as beartais agus nósanna imeachta inmheánacha a fhorbairt. Tá freagracht air freisin as forbairt a dhéanamh ar na cláir oiliúna a theastaíonn chun gur féidir freastal ar chur chun feidhme an Achta um Chosaint Idirnáisiúnta, 2015, as a n-eascróidh (nuair a chuirfear tús leis) nós imeachta aonair a thabhairt isteach. Faoin nós imeachta aonair a bheartaítear, beidh gach foras ag iarratasóir chun cosaint idirnáisiúnta a lorg (cosaint dídeanaí agus choimhdeach) anuas ar scrúdú agus cinneadh a dhéanamh in aon phróiseas amháin ar fhorais eile chun fanacht sa Stát.

11. An tAonad um Thacaíocht Foirne agus Oiliúint agus um Shaoráil Faisnéise, Faisnéis faoi Thír Thionscnaimh/Taighde agus Anailís Dhlíthiúil

Is é seo a leanas ról an Aonaid:

- Feidhmeanna tacaíochta foirne, cineálacha áirithe oiliúna pearsanta san áireamh, a chur ar fáil agus a chomhordú.
- Faisnéis faoi Thír Thionscnaimh (FTT) agus ábhair eile thaighde a sholáthar chun tacú le réimsí éagsúla freagrachta an ORAC.
- Feidhm na hanailíse teanga a bhainistiú.
- Anailís dhlíthiúil/tacaíocht taighde a chur ar fáil i dtaca le hathbhreithniú breithiúnach, le beartais agus le nósanna imeachta an ORAC, agus le hobair dhlíthiúil eile faoina dtugann an Coimisinéir,
- A chinntiú go bpróiseáiltear gach iarratas ar Shaoráil Faisnéise i gcomhréir le ceanglais an Achta um Shaoráil Faisnéise, 2014, agus
- Bainistiú a dhéanamh ar bhaill foirne chonarthacha (faoi scéim JobBridge agus/nó cláir eile) a dhéanann anailís dhlíthiúil agus obair thaighde.

12. An tAonad um Chosaint Choimhdeach

Is é ról an Aonaid um Chosaint Choimhdeach ná a chinntiú go ndéantar imscrúdú (agus agallamh) cothrom, éifeachtúil agus tráthúil ar iarratais ar chosaint choimhdeach agus moltaí atá láidir ó thaobh dlí de a dhéanamh maidir le cibé acu ar cheart nó nár cheart cosaint den sórt sin a ‘dheonú’ nó a ‘dhiúltú’ d’iarratasóir. Chomh maith leis sin, déanann sé maoirseacht ar bhainistiú dualgas eile a bhaineann le cosaint choimhdeach, lena n-áirítear agallaimh a sceidealú, ionadaíocht a chinntiú ag éisteachtaí achomhairc an Bhinse Achomhairc do Dhídeanaithe, moltaí a eisiúint, staitisticí bainistíochta a chur le chéile agus bainistiú próiseas oibre i gcoitinne.

13. An tAonad um Athlonnú

Tá an tAonad um Athlonnú freagrach as athlonnú cóir, tráthúil agus éifeachtúil iarrthóirí tearmainn a chinntiú ó Bhallstáit an AE faoi mar a shonraítear i gCinntí Chomhairle an AE 2015/1523 agus 2015/1601 Meán Fómhair 2015. Anuas air sin, déanann an tAonad maoirseacht ar iarratais ar thearmann maidir leis na daoine athlonnaithe.

Aguisín 3

Staitisticí faoi Iarratais /Phróiseáil

Tábla 1. Líon na n-iarratas in aghaidh na bliana idir 1993 agus 2015



Bliain	Iarratais	Athrú ar an mbliain roimhe (%)
1993	91	133.3
1994	362	297.8
1995	424	17.1
1996	1,179	178.1
1997	3,883	229.3
1998	4,626	19.1
1999	7,724	67.0
2000	10,938	41.6
2001	10,325	-5.6
2002	11,634	12.7
2003	7,900	-32.1
2004	4,766	-39.7
2005	4,323	-9.3
2006	4,314	-0.2
2007	3,985	-7.6
2008	3,866	-3.0
2009	2,689	-30.4
2010	1,939	-27.9
2011	1,290	-33.5
2012	956	-25.9
2013	946	-1.0
2014	1,448	53.1
2015	3,276	126.2
Iomlán	92,884	

Tábla 2. Iarratais a fuarthas de réir míosa agus bliana



Mí	2014	2015	Athrú bliain ar bhliain (%)
Eanáir	99	215	117.2
Feabhra	83	201	142.2
Márta	109	209	91.7
Aibreán	95	265	178.9
Bealtaine	106	257	142.5
Meitheamh	105	334	218.1
Iúil	131	290	121.4
Lúnasa	126	332	163.5
M. Fómhair	138	407	194.9
D. Fómhair	129	263	103.9
Samhain	155	291	87.7
Nollaig	172	212	23.3
Iomlán	1,448	3,276	126.2

Tábla 3. Líon na n-iarratas in aghaidh na bliana idir 1993 agus 2015 de réir inscne



Bliain	Fireann	Baineann	Iomlán	Cóimheas idir Fir agus Mná
1993*	58	28	91	2.1
1994*	264	97	362	2.7
1995	334	90	424	3.7
1996*	875	299	1,179	2.9
1997	2,643	1,240	3,883	2.1
1998	2,869	1,757	4,626	1.6
1999	4,958	2,766	7,724	1.8
2000	6,602	4,336	10,938	1.5
2001	5,447	4,878	10,325	1.1
2002	5,773	5,861	11,634	1.0
2003	3,944	3,956	7,900	1.0
2004	2,521	2,245	4,766	1.1
2005	2,778	1,545	4,323	1.8
2006	2,875	1,439	4,314	2.0
2007	2,478	1,507	3,985	1.6
2008	2,469	1,397	3,866	1.8
2009	1,758	931	2,689	1.9
2010	1,265	674	1,939	1.9
2011	779	511	1,290	1.5
2012	599	357	956	1.7
2013	585	361	946	1.6
2014	1,003	445	1,448	2.3
2015	2,616	660	3,276	4.0
Iomlán	55,493	37,380	92,884	1.5

* Áirítear sna hiomláin maidir leis na blianta seo cásanna nár cuireadh 'Inscne' i gcuntas.

Tábla 4. Iarratais sa bhliain de réir grúpáil aoise



Bliain	Leanbh [0 - 17]	Duine Fásta [18+]	Iomlán	Cóimheas Daoine Fásta/Leanaí
1993	18	68	91	3.8
1994	31	330	362	10.6
1995	27	397	424	14.7
1996	138	1,041	1,179	7.5
1997	791	3,092	3,883	3.9
1998	1,063	3,563	4,626	3.4
1999	1,370	6,354	7,724	4.6
2000	2,456	8,482	10,938	3.5
2001	2,653	7,672	10,325	2.9
2002	2,678	8,956	11,634	3.3
2003	1,895	6,005	7,900	3.2
2004	1,071	3,695	4,766	3.5
2005	926	3,397	4,323	3.7
2006	964	3,350	4,314	3.5
2007	1,025	2,960	3,985	2.9
2008	1,016	2,850	3,866	2.8
2009	764	1,925	2,689	2.5
2010	573	1,366	1,939	2.4
2011	387	903	1,290	2.3
2012	277	679	956	2.5
2013	261	685	946	2.6
2014	264	1,184	1,448	4.5
2015	386	2,890	3,276	7.5
Iomlán	21,034	71,844	92,884	3.4

* Áirítear sna hiomláin maidir leis na blianta seo cásanna nár cuireadh 'Aois' i gcuntas.

Tábla 5. An aois a luaigh iarratasóirí in 2015



Aoisghrúpa	Fireann	Baineann	Iomlán	Iomlán (%)	Cóimheas idir Fir agus Mná
0-4	85	76	161	4.9	1.1
13-17	61	41	102	3.1	1.5
18-24	494	92	586	17.9	5.4
25-34	1 402	245	1 647	50.3	5.7
35-44	370	96	466	14.2	3.9
45-54	99	32	131	4.0	3.1
5-12	75	48	123	3.8	1.6
55+	30	30	60	1.8	1.0
Iomlán	2,616	660	3,276		4.0

D'fhéadfadh nach ionann iomlán na gcéatadán agus 100% mar gheall ar shlánú.

Tábla 6: Áiteanna iarratais



Áit iarratais	2014 Iarratais	2014 %	2015 Iarratais	2015 %
An ORAC	1,195	82.5	2,888	88.2
Aerfort	212	14.6	300	9.2
Éile	41	2.8	88	2.7
Iomlán	1,448		3,276	

Tábla 7. Na sé thír ba mhó bhunaidh a luadh in 2015 agus comparáid le 2014



Náisiúntacht	2014 Iarratais	2014 %	2015 Iarratais	2015 %	Athrú bliain ar bhliain (%)
An Phacastáin	292	20.2	1,352	41.3	363.0
An Bhanglaidéis	99	6.8	286	8.7	188.9
An Albáin	99	6.8	214	6.5	116.2
An Nigéir	142	9.8	186	5.7	31.0
An India	12	0.8	144	4.4	1100.0
An Afganastáin	25	1.7	124	3.8	396.0
Cinn Eile	779	53.8	970	29.6	24.5
Iomlán	1,448		3,276		

Tábla 8. Na sé thír bhunaidh ba mhó a luadh in 2015 de réir inscne



Náisiúntacht	Fireann	Baineann	Cóimheas idir Fir agus Mná
An Phacastáin	1,266	86	14.7
An Bhanglaidéis	259	27	9.6
An Albáin	135	79	1.7
An Nigéir	102	84	1.2
An India	122	22	5.5
An Afganastáin	117	7	16.7
Cinn Eile	615	355	1.7
Iomlán	2,616	660	4.0

Tábla 9. Iarratais ó dhaoine mionaoiseacha gan tionlacan, idir 2000 agus 2015 de réir inscne



Bliain	Fireann	Baineann	Iomlán	Cóimheas idir Fir agus Mná
2000	205	97	302	2.1
2001	373	227	600	1.6
2002	167	121	288	1.4
2003	127	144	271	0.9
2004	56	72	128	0.8
2005	71	60	131	1.2
2006	70	61	131	1.1
2007	39	55	94	0.7
2008	51	47	98	1.1
2009	28	28	56	1.0
2010	12	25	37	0.5
2011	17	9	26	1.9
2012	16	7	23	2.3
2013	10	10	20	1.0
2014	20	10	30	2.0
2015	29	4	33	7.3
Iomlán	1,291	977	2,268	1.3

Tábla 10. Agallaimh a sceidealaíodh agus ar ar freastalaíodh in 2015



Mí	Ean	Fea	Már	Aib	Bea	Mei	Iúi	Lún	M.F.	D.F.	Sam	Nol	Iomlán
Sceidealaithe*	150	141	177	79	106	105	118	148	165	272	383	241	2,085
Ar ar freastalaíodh	97	85	124	69	82	77	89	106	127	197	262	188	1,503
% a d'Fhreastail	64.7	60.3	70.1	87.3	77.4	73.3	75.4	71.6	77.0	72.4	68.4	78.0	72.1

* Déanann an ORAC ró-sceidealú gach mí a ligean dúinn agallamh eile gníomhach a chur in ionad agallamh a cuireadh ar ceal, agus cuireann seo cosc ar shliotán agallaimh a chailleadh. Baineann na figiúirí thuas leis an líon agallamh a raibh sé ar chumas an ORAC a sheirbheáil.

Tábla 11. Cásanna a críochnaíod



Catagóir	Iomlán (%)
Deonaithe	9.8
Diúltaithe faoi a.13(4)(b)	42.7
Diúltaithe faoi a.13(5)	0.3
Aistarraingthe faoi a.13(2)	5.9
Meastar aistarraingíodh faoi a.13(2)	20.6
Meastar gur aistarraingíodh faoi a.22(8)	1.2
Rialachán Bhaile Átha Cliath	19.5
Iomlán na gCásanna a Críochnaíodh	1,552

Tagraíonn na hailt d'ailt Acht na nDídeanaithe, 1996.

D'fhéadfadh nach ionann iomlán na gcéatadán agus 100% mar gheall ar shlánú.

Féach Tábla 13 chun teacht ar ráta iomlán an deonaithe in 2015

Deonú	*Rinne an Coimisinéir moladh go gceadófar stádas dideanai don iarratasóir.*
Diúltaithe faoi a.13(4)(b)	*Rinne an Coimisinéir moladh nár cheart stádas dídeanaí a dheonú don iarratasóir. Ní mór achomharc a dhéanamh leis an mBinse Achomhairc do Dhídeanaithe laistigh de 15 lá.*
Diúltaithe faoi a.13(5)	*Rinne an Coimisinéir moladh nár cheart stádas dídeanaí a cheadú don iarratasóir agus chuir sé san áireamh ina thuarascáil toradh faoi alt 13(6). Ní mór achomharc a dhéanamh leis an mBinse Achomhairc do Dhídeanaithe laistigh de 10 lá.*
Diúltaithe faoi a.13(2)	*Rinne an Coimisinéir moladh ná cheart stádas dídeanaí a cheadú don iarratasóir sa chás gur aistarraingíodh iarratas nó go meastar gur aistarraingíodh iarratas.*
a. 22(8)	*Baineann cásanna a críochnaíodh faoi alt 22(8) le hiarratasóirí a aistríodh faoi Rialachán Bhaile Átha Cliath III maidir leis na cinntí a rinne an ORAC.*
Rialachán Bhaile Átha Cliath III	*Sa chás go ndeimhnítear gur cheart cinneadh a dhéanamh ar éileamh an iarratasóra ar stádas dídeanaí i Stát Conarthach eile faoi Rialachán Bhaile Átha Cliath III.*

Tábla 12. Comparáid idir iarratais a fuarthas agus cásanna a críochnaíodh in 2015



	Ean	Fea	Már	Aib	Bea	Mei	Iúi	Lún	M.F.	D.F.	Sam	Nol	Iomlán
Iarratais a Fuarthas	215	201	209	265	257	334	290	332	407	263	291	212	3,276
Cásanna a Críochnaíodh	94	113	123	123	125	114	150	105	112	144	169	180	1,552

Tábla 13. Moltaí a eisíodh in 2015



Moladh*		Iomlán (%)
Deonaithe		12.3
Diúltaithe	a.13(4)(b)	53.9
	a.13(5)	0.4
Aistarraingthe	a.13(2)	33.4
Iomlán na moltaí a rinneadh		1,231

*Ní áirítear cásanna a próiseáladh faoi Rialachán Baile Átha Cliath III

Tagraíonn na hailt d'ailt Acht na nDídeanaithe, 1996.

D'fhéadfadh nach ionann iomlán na gcéatadán agus 100% mar gheall ar shlánú.

Tábla 14. Iarratais nár déileáladh leo idir an 31 Eanáir 2015 agus an 31 Nollaig 2015



Mí	Cásanna ar feitheamh	Aithrú ar an mí roimhe (%)
Eanáir	872	-
Feabhra	971	11.4
Márta	1,069	10.1
Aibreán	1,225	14.6
Bealtaine	1,364	11.3
Meitheamh	1,597	17.1
Iúil	1,746	9.3
Lúnasa	1,982	13.5
M. Fómhair	2,287	15.4
D. Fómhair	2,419	5.8
Samhain	2,542	5.1
Nollaig	2,582	1.6

Tábla 15. Comparáid idir iarratais bhliantúla a fuarthas agus iad siúd nár déileáladh leo faoi dheireadh na bliana



Bliain	Iarratais a fuarthas	Cásanna ar feitheamh	Athrú ar chásanna ar feitheamh (%)
1997	3,883	3,886	-
1998	4,626	5,993	54.2
1999	7,724	7,985	33.2
2000	10,938	10,127	26.8
2001	10,325	8,483	-16.2
2002	11,634	5,094	-40.0
2003	7,900	4,554	-10.6
2004	4,766	2,350	-48.4
2005	4,323	1,169	-50.3
2006	4,314	924	-21.0
2007	3,985	1,279	38.4
2008	3,866	1,196	-6.5
2009	2,689	470	-60.7
2010	1,939	541	15.1
2011	1,290	248	-54.2
2012	956	219	-11.7
2013	946	248	13.2
2014	1448	743	199.6
2015	3,276	2,582	247.5

Aguisín 4

Staitisticí faoi Rialacháin Bhaile Átha Cliath

Staitisticí maidir le Rialachán Bhaile Átha Cliath III don tréimhse idir an 01/01/2015 agus an 31/12/2015

Líon na n-iarratas ar fhaisnéis a rinneadh ar Bhallstáit Rialachán Bhaile Átha Cliath III

1,794

Líon na bhfreagairtí **Dearfacha** a fuarthas ar Iarratais ar Fhaisnéis

801
(fuarthas 85 ceann díobh in 2014)

Líon na bhfiosrúchán nár thángthas ar **Aon Taifead**

209
(fuarthas 18 gciann díobh in 2014)

Freagairt Ar Bith

0

Ar Feitheamh Freagartha

887

Líon **na nIarratas Foirmiúil** a rinneadh ar Bhallstáit Rialachán Bhaile Átha Cliath III

204 (glacadh ar ais)
413 (tógáil i gcúram)

617

Líon na nIarratas Foirmiúil **ar Feitheamh Cinnidh**

37

Líon na nIarratas Foirmiúil **ar Glacadh leo**

479
(fuarthas 2 cheann díobh in 2014)

Líon na nIarratas Foirmiúil **ar Measadh gur Glacadh leo**

8

Líon na nIarratas Foirmiúil a Diúltaíodh

91

Líon na nIarratas Foirmiúil **a Aistarraingíodh**

4

Líon **na gCinntí** a eisíodh
302
(bhain 7 gcinn díobh le hIarratais a rinneadh in 2014)

Líon na gComhad a seoladh chuig **an RDCC* go mbainfear iad ón Stát**

302
(bhain 7 gceann díobh le hIarratais a rinneadh in 2014)

Líon **na nAistrithe**

19

*An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais

Tábla 1. Iarratais ar Fhaisnéis a rinneadh le Ballstáit Rialachán Bhaile Átha Cliath III in 2015



Mí	Ean	Fea	Már	Aib	Bea	Mei	Iúi	Lún	M.F.	D.F.	Sam	Nol	Iomlán
Iarratais	99	102	36	197	197	100	201	106	140	187	194	235	1794

Tábla 2. Freagairtí a fuarthas in 2015 ar Iarratais ar Fhaisnéis ar Stáit Rialacháin Bhaile Átha Cliath III eile



	Freagairtí	Iomlán (%)
Dearfach	801	79.3
Diúltach	209	20.7
Freagairt ar bith	0	0.0
Iomlán	1,010	

Nóta: Áirítear le freagairtí líon Iarratas ar Fhaisnéis a rinneadh an bhliain roimhe sin.

Bhí 887 Iarratas ar Fhaisnéis, ar an iomlán, ar feitheamh freagartha ag deireadh 2015.

Tábla 3. Iarratais fhoirmiúla a rinneadh ar Bhallstáit Rialachán Bhaile Átha Cliath III in 2015*



Mí	Ean	Fea	Már	Aib	Bea	Mei	Iúi	Lún	M.F.	D.F.	Sam	Nol	Iomlán
Iarratais	21	56	54	52	18	28	25	18	71	79	127	68	617

*Nóta: Áirítear leis an iomlán 617 iarratas 204 iarratas ar 'ghabháil ar ais' agus 413 iarratas ar 'ghlacadh i gcúram'.

Tábla 4. Freagairtí a fuarthas in 2015 ar iarratais fhoirmiúla a rinneadh ar Bhallstáit Rialachán Baile Atha Cliath III



	Freagairtí	Iomlán (%)
Glactha	479	82.3
Meastar gur	8	1.4
Cuileáilte	91	15.6
Aistarraingthe	4	0.7
Iomlán	582	

Nóta: Áirítear le freagairtí roinnt iarratas a fuarthas an bhliain roimhe sin.

Bhí líon beag iarratas ar feitheamh freagartha ag deireadh 2015.

Tábla 5. Iarratais fhoirmiúla a fuarthas in Éirinn ó Bhallstáit eile Rialachán Bhaile Átha Cliath III in 2015



Mí	Ean	Fea	Már	Aib	Bea	Mei	Iúi	Lún	M.F.	D.F.	Sam	Nol	Iomlán
Iarratais	16	11	12	6	8	19	10	12	12	18	14	11	149

Nóta: Áirítear leis an iomlán 149, 119 iarratas ar 'ghabháil ar ais' agus 30 iarratas ar 'ghlacadh i gcúram'.

Tábla 6. Freagairtí ar iarratais fhoirmiúla a fuarthas ó Bhallstáit Rialachán Bhaile Átha Cliath III eile in 2015



	Freagairtí	Iomlán (%)
Glactha	109	70.3
Cuileáilte	45	29.0
Aistarraingthe	1	0.6
Iomlán	155	

Nóta: Áirítear le freagairtí roinnt iarratas a fuarthas an bhliain roimhe sin.

Bhí líon beag iarratas ar feitheamh freagartha ag deireadh 2015.

Tábla 7. Aistrithe faoi Rialachán Bhaile Átha Cliath III in 2015



Mí	Ean	Fea	Már	Aib	Bea	Mei	Iúi	Lún	M.F.	D.F.	Sam	Nol	Iomlán
Isteach	2	7	6	3	3	1	8	3	1	5	6	7	52
Amach	0	3	1	0	0	1	3	4	5	0	0	2	19

Aguisín 5
Staitisticí faoi Chosaint Choimhdeach

Aguisín 5

Staitisticí faoi Chosaint Choimhdeach

Staitisticí faoi Chosaint Choimhdeach – ón 01 Eanáir 2015 go dtí an 31 Nollaig 2015

Cásanna a aistríodh ó SEIÉ chuig an ORAC an 14 Samhain 2013

Aistríodh freagracht as nach mór 3,800 iarratas reatha ar chosaint choimhdeach a phróiseáil ó SEIÉ go dtí an ORAC an 14 Samhain 2013.

Faoi dheireadh 2015, ní raibh ach 375 den bhunlíon le próiseáil go fóill. As na cásanna siúd a bhí le próiseáil go fóill, níl ach 40 cás beo ann. Tá na 335 cás eile le próiseáil trí nósanna imeachta deonacha agus trí nósanna imeachta a mheastar a aistarraingíodh.

Iarratais nua a fuarthas in 2015

Rinneadh 297 iarratas ar chosaint choimhdeach leis an ORAC i rith 2015.

Próiseáladh 113 de na hiarratais a fuarthas i rith 2015 go dtí gur tugadh chun críche iad i rith na bliana, agus d'fhág sin go raibh 184 de na hiarratais a fuarthas ar feitheamh go fóill ag deireadh na bliana.

Tábla 1. Achoimre ar an staid Próiseála Cásanna amhail an 31 Nollaig 2015

Cosaint Choimhdeach Iarratais a Fuarthas agus Staitisticí Próiseála Cásanna ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2015						
Iomlán na gCásanna ar Feitheamh an 1 Ean 2015	**Iarratais Nua a Fuarthas ón 1 Ean go dtí an 31 Nol 2015**	**Deontais i rith 2015**	**Diúltú i rith 2015**	**Dúnta ar Bhealach Eile[1] i rith 2015**	**Iomlán na gCásanna a Críochnaíodh i rith 2015**	**Iomlán na gCásanna ar Feitheamh an 31 Nol 2015[2]**
1,792	**297**	**181**	**680**	**619**	**1,480**	**609**

[1] Is éard atá sna cásanna **'Dúnta ar Bhealach Eile' 256 cás a aistarraingíodh go deonach, 321 cás a measadh a aistarraingíodh agus 42 cás a dúnadh** mar gheall gur dheonaigh an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais dearbhú stádas dídeanaí nó saoránachta Éireannaí do na hiarratasóirí.

[2] Is éard atá sna **609 cás ar feitheamh** ag deireadh na tréimhse **251 Cás Beo** agus **358 Cás** atá le próiseáil trí na nósanna imeachta **deonacha agus ina meastar gur aistarraingíodh an t-iarratas**.

Tábla 2. Sonraí faoi Phróiseáil um Chosaint Choimhdeach – 2015

Cosaint Choimhdeach – Staitisticí Agallaimh ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2015			
Agallaimh a Sceidealaíodh i rith 2015[1]	**Líon na nIarratasóirí a Sceidealaíodh d'Agallamh i rith 2015**	**Agallaimh a Críochnaíodh i rith 2015**	**Agallaimh a Sceidealaíodh ach nár Críochnaíodh i rith 2015[2]**
899	**820**	**670**	**150**

Tábla 3. Na Cúig Thír Thionscnaimh ba mhó in 2015 agus comparáid le 2014

Tír Thionscnaimh	**2015 Líon na n-iarratas nua a fuarthas**	**%**	**2014 Líon na n-iarratas nua a fuarthas**	**%**
An Phacastáin	51	17.17	22	8.8
An Nigéir	50	16.83	66	26.4
An tSiombáib	24	8.08	16	6.4
An Mhaláiv	19	6.39	6	2.4
An Ailgéir	14	4.71	15	6
Tíortha Tionscnaimh Eile	139	46.82	125	50
Iomlán na nIarratas	**297**		**250**	

[1] Áirítear leis na **899 agallamh a sceidealaíodh** i rith 2015 cásanna ina raibh ar iarratasóirí a bheith sannta do bhreis agus dáta amháin agallaimh mar thoradh ar chealú, athló agus agallaimh athghlao.
[2] Níor críochnaíodh na hagallaimh seo mar gheall ar chealú, athló agus neamhfhreastal na n-iarratasóirí ar agallaimh.

Aguisín 6

Faisnéis faoi Iarratais a Láimhseáil san Aonad um Chóipeáil/Clárlann in 2015

Aguisín 6

Faisnéis faoi Iarratais a Láimhseáil san Aonad um Chóipeáil/Clárlann in 2015

Cóipeáil/Clárlann

Catagóir	An Líon a Próiseáladh
Fiosrúcháin	**2,118**
Comhaid arna gcóipeáil	**1,120**
Idirbhearta um aistriú comhad	**7,545**
Idirbhearta eile	**7,598**
Iomlán	**18,381**

Nóta: Tagraíonn an líon iomlán maidir le comhaid arna gcóipeáil don líon iarbhír comhad a fótachóipeáladh, ach ní léiríonn sé an chaoi go gcruthaítear cóipeanna iolracha de gach comhad i dtromlach na gcásanna.

Aguisín 7

Sonraí Airgeadais

Próifíl Chaiteachas Pá Oifig an Choimisinéara Iarratais do Dhídeanaithe: An 1 Eanáir-an 31 Nollaig 2015.

Tá an figiúr pá d'Oifig an Choimisinéara Iarratais do Dhídeanaithe cónasctha leis an nGníomhaireacht Fáiltithe agus Imeasctha, an Binse Achomhairc do Dhídeanaithe, mar aon le limistéir Cheanncheathrú Sheirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann de chuid na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais faoi Fhotheideal A.3 de chuid Vóta Dlí agus Cirt 24. B'ionann an toradh pá d'Fhotheideal A.3 de chuid na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus €28.15m*, as ar úsáid an ORAC €4.53m*.

Próifíl Chaiteachais Neamhphá Oifig an Choimisinéara Iarratais do Dhídeanaithe: An 1 Eanáir-an 31 Nollaig 2015.

	Cur Síos	Méid	Iomlán (%)
1.	*An Painéal Próiseála*	*€389,859*	*25.0*
2.	*Aistriúchán agus Ateangaireacht*	*€365,180*	*23.4*
3.	*Costais Dlí*	*€201,359*	*12.9*
4.	*Íocaíocht Deontas*	*€196,664*	*12.6*
5.	*Postas*	*€107,369*	*6.9*
6.	*Páipéarachas*	*€74,377*	*4.8*
7.	*Costais Ghinearálta an Áitribh*	*€66,210*	*4.2*
8.	*Téamh, Soilse agus Breosla*	*€51,662*	*3.3*
9.	*Teileachumarsáid*	*€38,622*	*2.5*
10.	*Ilghnéitheach***	*€21,191*	*1.4*
	*Oiliint agus Forbairt Foirne***	*€13,081*	*0.8*
	*Iomlán an Taistil (Intíre agus Thar Lear)***	*€9,995*	*0.6*
	*An tIomlán Fótachóipeála agus Gaolmhar***	*€9,004*	*0.6*
	*Costais Ghníomhaire Taistil***	*€6,318*	*0.4*
	*Cothabháil TF/Tomhaltáin***	*€3,622*	*0.2*
	*Trealamh Oifige***	*€1,863*	*0.1*
	*Foilseacháin***	*€1,277*	*0.1*
	*Leabharlann agus Taighde Dlíthiúil***	*€693*	*0.0*
	*Costais Dlí***	*€234*	*0.0*
	*Costais Leighis***	*€212*	*0.0*
	Iomlán	***€1,558,792***	

D'fhéadfadh nach ionann iomlán na gcéatadán agus 100% mar gheall ar shlánú.

*Arna dhearbhú ag an Aonad Bainistíochta Airgeadais, an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, an 6 Feabhra 2016

Tabhair faoi deara go bhfuil an figiúr seo faoi réir athrú go dtí go bhfoilseofar Cuntas Leithreasa 2015 don Vóta Dlí agus Cirt.



** Tá na hiomláin maidir leis na cóid earra seo ró-bheag lena léiriú ar an gcairt ar bhonn aonair.

Aguisín 8

Forbhreathnú ar Úsáid Fuinnimh in 2015

Aguisín 8

Forbhreathnú ar Úsáid Fuinnimh in 2015

In 2015, d'úsáid ORAC **559847 MWh** d'Fhuinneamh, as a raibh
245907 MWh de Leictreachas
313940 MWh de Ghás

Cuirtear seo i gcomparáid le **580643 MWh** d'Fhuinneamh a úsáideadh in 2014:
258470 MWh de Leictreachas
322173 MWh de Ghás

Léiríonn seo laghdú thart ar 3.6% ar an bhfuinneamh iomlán a úsáideadh i gcomparáid le 2014.

I measc na ngníomhartha faoinar tugadh in 2015 chun fuinneamh a choigilt bhí:

Cruinnithe ráithiúla leis an Sainchomhairleoir Fuinnimh nua chun monatóireacht agus plé a dhéanamh ar limistéir choigilte.

Lá a eagraíodh ina gcuirtear Coigilt Fuinnimh chun cinn i gcomhar leis an sainchomhairleoir coigilte fuinnimh, Aramark.

Cuireadh Póstaeir faoi Choigilt Fuinnimh in airde ar fud an fhoirgnimh.

Seoladh tuarascálacha míosúla agus scaipeadh smaointe coigilte fuinnimh ar an bhfoireann.

Eisíodh meabhrúcháin faoi "Threalamh a mhúchadh" roimh thréimhsí saoire.

Rinneadh monatóireacht ar theocht teasa ar bhonn laethúil agus laghdaíodh an teocht sa chás gurbh fhéidir.

Múchadh an córas téimh le linn mhíonna an tsamhraidh agus rinneadh é a choigeartú faoi mar a theastaigh.

Rinneadh iniúchadh agus cothabháil ar theirmeastait radaitheoirí i gcaitheamh na bliana.

Gníomhartha a bheartaítear in 2016 le fuinneamh a choigilt

Cur chun feidhme leanúnach an Phlean Gníomhaíochta Fuinnimh.

Eagrófar breis laethanta um Fheasacht ar Fhuinneamh.

Páirt a ghlacadh i bhFeachtas an OPW "Cumhacht ag an Obair a Optamú".

Athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar an amchlár téimh gheimhridh/shamhraidh.

Leanadh le cruinnithe ráithiúla a thionól le hionadaí d'Aramark chun monatóireacht a dhéanamh ar thuarascálacha.

Cumarsáid leanúnach rialta a dhéanamh leis an bhfoireann maidir le Coigilt Fuinnimh.

Feachtas nua agus níos feiceálaí Póstaeir ar fud an fhoirgnimh.

Gluais Téarmaí

Gluais Téarmaí

Faisnéis faoi Thír Thionscnaimh (FTT) Is éard atá i gceist le Faisnéis faoi thír thionscnaimh ná a lán cineálacha faisnéise, ar nós reachtaíochta, tuairiscí nuachta, léarscáileanna, cáipéisí oifigiúla, e.g. pasanna agus ceadanna oibre. Úsáidtear an fhaisnéis mar lámh chúnta agus cinneadh á dhéanamh ar shubstaint na n-iarratas ar dhearbhuithe stádas dídeanaí.

Dearbhú Stádas Dídeanaí Faoi mar a thagraítear in alt 17 d'Acht na nDídeanaithe, 1996, sa chás ina dtugann an tAire don iarratasóir lena mbaineann ráiteas i scríbhinn ina luaitear gur dídeanaí é/í, tar éis don Aire moladh a fháil ón gCoimisinéar Iarratais do Dhídeanaithe nó tar éis don Bhinse Achomhairc do Dhídeanaithe cinneadh a dhéanamh moladh an Choimisinéara a chur a cheal.

Rialachán Bhaile Átha Cliath III Ó 1990 i leith, chuir an AE sraith beart i bhfeidhm chun an Ballstát a dheimhniú atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar thearmann a rinneadh náisiúnach tríú tíre nó duine gan stát i gceann amháin de na Ballstáit. Ón 1 Eanáir 2014 ar aghaidh, ba é an Rialachán ábhartha Rialachán (AE) Uimh. 604/2013, ar a dtugtar chomh maith "Rialachán III" a rinne athruithe sunstainteacha ar an gcóras a bhí ann roimhe seo.

An EASO (An Oifig Tacaíochta Eorpach do Chúrsaí Tearmainn) a bunaíodh faoi Rialachán Uimh. 439/2010 ón AE. Tháinig an Oifig go hiomlán i bhfeidhm an 19 Meitheamh 2011 agus tá sí lonnaithe in Valetta, Málta. Is é cuspóir na hOifige comhoibriú praiticiúil a éascú, a chomhordú agus a neartú i measc na mBallstát maidir le cúrsaí tearmainn agus cabhrú le cur chun feidhme an Chomhchórais Tearmainn Eorpaigh a fheabhsú. Is é an aidhm atá aici freisin tacaíocht éifeachtach oibríochtúil a thabhairt do Bhallstáit a bhfuil brú ar leith ar a gcórais tearmainn agus fáiltithe.

EURODAC Córas lena ndéantar méarloirg a mhalartú go leictreonach idir Stáit Chonarthacha.

Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Cosaint Choimhdeach) 2013 An phríomhreachtaíocht lena dtugtar dlínse don ORAC i ndáil le cúrsaí cosanta coimhdí. Tháinig na Rialacháin i bhfeidhm an 14 Samhain 2013.

Comhairliúcháin Idir-Rialtasacha ar Imirce, Tearmann agus Dídeanaithe (an IGC) Is é atá ann seo ná fóram neamhfhoirmiúil neamhchinnteoireachta (atá bunaithe sa Ghinéiv) a chumasaíonn malartú idir-rialtasach faisnéise agus díospóireacht bheartais ar shaincheisteanna a bhaineann le sreabha idirnáisiúnta imirce a bhainistiú. Is iad a thugann an IGC le chéile ná seacht stát rannpháirteacha dhéag, Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe, an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Imirce agus an Coimisiún Eorpach.

Acht na nDídeanaithe, 1996 An phríomhreachtaíocht lena ndéileáiltear le dídeanaithe agus leis an lucht iarrtha tearmainn is ea Acht na nDídeanaithe, 1996, a tháinig i bhfeidhm i mí na Samhna 2000. Déantar le hAcht 1996 Coinbhinsiún na Ginéive, 1951, a bhaineann le stádas dídeanaithe, a ionchorprú sa dlí intíre. Déanann sé soláthar do bhunú an ORAC anuas ar an mBinse Achomhairc do Dhídeanaithe agus leagtar amach ann an creat chun cinneadh a dhéanamh faoi iarratais ar thearmann. (Rinneadh Acht 1996 a leasú leis an Acht Inimirce, 1999, leis an Acht um Inimircigh Neamhdhleathacha (Gáinneáil), 2000, leis an Acht Inimirce, 2003, agus leis an Acht Inimirce 2004).

An tIonad Cháipéisíochta um Dhídeanaithe Is seirbhís neamhspleách leabharlainne agus taighde é an tIonad Cháipéisíochta um Dhídeanaithe laistigh den Bhord um Chúnamh Dlíthiúil a

chuireann seirbhísí um Fhaisnéis faoi Thír Thionscnaimh (FTT) ar fáil do na gníomhaireachtaí atá bainteach sa phróiseas tearmainn.

An tSeirbhís Dlí do Dhídeanaithe Is é atá sa tSeirbhís Dlí do Dhídeanaithe ná seirbhís a sholáthraíonn an Bord um Chúnamh Dlíthiúil. Cuireann sí seirbhísí dlí ar fáil d'iarratasóirí atá ar lorg dearbhuithe stádas dídeanaí.

Clár Athlonnaithe Bunaíodh an Clár Athlonnaithe faoi Chinntí Chomhairle an AE 2015/1601 agus 2015/1523 Meán Fómhair 2015. Tá de chuspóir aige cabhrú leis an nGréig agus an Iodáil déileáil le sreabhadh móra imirce sna réigiúin Aeigéacha agus i réigiúin na Meánmhara trí iarratasóirí tearmainn a athlonnú ó na tíortha siúd go ndéanfar a n-iarratas ar thearmann a phróiseáil i mBallstáit eile rannpháirteacha an AE.

Cosaint Choimhdeach Is é is cosaint choimhdeach ann ná cineál cosanta comhlántaí a thagann as dlí an AE. Is féidir í a dheonú sa chás nach gcomhlíonann an t-iarratasóir na riachtanais le bheith ina dhídeanaí, ach go meastar go bhfuil cosaint idirnáisiúnta de dhíth air ar shlí eile.

Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe i dtaobh Dídeanaithe Ionstraim idirnáisiúnta chun stádas dlí dídeanaithe a shainiú is ea Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe i dtaobh stádas dídeanaithe. Síníodh é i 1951. Ghlac Comhdháil Lánchumhachtaigh na Náisiún Aontaithe an Coinbhinsiún an 28 Iúil 1951 agus tháinig sé i bhfeidhm an 21 Aibreán 1954. Tá na prionsabail a chuimsítear i gCoinbhinsiún 1951 ina mbonn do reachtaíocht na hÉireann maidir le dídeanaithe.

Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe (an UNHCR) Bunaíodh Oifig Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe (an UNHCR) an 1 Eanáir 1951. Luaitear go sonrach i gCoinbhinsiún 1951 go bhfuil sé de dhualgas ar an UNHCR maoirseacht a dhéanamh ar choinbhinsiúin idirnáisiúnta lena ndéantar foráil do dhídeanaithe a chosaint agus comhordú éifeachtach na mbeart a dhéantar chun déileáil leis an ábhar sin a chinntiú i gcomhar leis na Stáit Chonarthacha éagsúla.